Fear an Phobail
UM PINSIN

# Tuarascáil Bhliantúil 2008



Fear an Phobail
UM PINSIN

**Ráiteas Misin**

Is é an misean atá againn fiosrúchán agus cinneadh a dhéanamh, ar mhodh neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin agus ar dhíospóidí maidir le scéimeanna pinsean ceirde, le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) agus le Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais ("CBSanna Iontaobhais")

**OIFIG FHEAR AN PHOBAIL UM PINSIN**
**36 SRÁID AN MHÓTA UACHTARACH**
**BAILE ÁTHA CLIATH 2**
**TEILEAFÓN (01) 647 1650**
www.pensionsombudsman.ie

***Tá an foilseachán seo ar fáil i gcló mór ar iarratas***

# *ÁBHAIR*

**BROLLACH** *3*

**Roinn 1- Réamhrá** *6*

**Roinn 2 - Cuntas Achoimre ar Obair na Bliana 2008** *10*

*Riar na gCásanna* *10*

*Córas Riaracháin Cásanna* *10*

*Cásanna ar eisíodh Cinneadh Críochnaitheach ina leith nó a Réitíodh faoi Eadráin* *11*

*Eolas* *11*

*Cairt an Chustaiméara* *12*

*Bearta Bolscaireachta* *12*

*Caidreamh le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta* *13*

*Athruithe sa Reachtaíocht agus Cúrsaí Dlí* *14*

*Meabhráin Tuisceana* *15*

*Áisiúlacht agus Léire don Phobal* *16*

*Oiliúint agus Forbairt* *16*

*Cúrsaí Foirne* *16*

**Roinn 3 - Achoimre & Staitisticí Maidir le hUalach na gCásanna 2008** *17*

Anailís ar na Cásanna i gCrích *17*

*Cásanna Eadrána* *17*

*Cinntí Críochnaitheacha* *18*

*Níor tháinig faoi scáth na dTéarmaí Tagartha* *18*

*Cúiseanna Ilghnéitheacha le Críoch Cáis* *18*

Staitisticí *20*

**Roinn 4 - a Bhfuil Foghlamtha Againn** *22*

*Riarachán Pinsin Seirbhise Poibli* *22*

*Réiteach Aighnis Inmheánach – an tSeirbhís Phoiblí* *23*

*RAI na hEarnála Príobháidí* *24*

*Ag Foghlaim ó na Gearáin* *25*

*Infheistíocht* *26*

*Dreasacht SSIA* *28*

*Mídhilsiú* *28*

*Comhoibriú* *28*

**Roinn 5 - Conclúidí** *30*

**Roinn 6 - Airgeadas** *31*

## Aguisíní


*Aguisín 1 - Cén Chaoi a bPróiseáiltear Gearán* 32

*Aguisín 2 - Achoimre ar Shreabhadh Airgid agus Anailís ar Dhúnadh Comhad i 2008* 33

*Aguisín 3 - Cineál na nGearán 2007 & 2008* 35

*Aguisín 4 - Briseadh síos ar Ghearáin de réir Láithreach* 36

*Aguisín 5 - Líon na nGearán a Fuarthas de Réir Míosa 2007 & 2008* 37

*Aguisín 6 - Reachtaíocht Rialaithe* 38

*Aguisín 7 - Foilseacháin na hOifige* 39

*Aguisín 8 - Oifig Fhear an Phobail um Pinsin Soláthar Foirne ag Deireadh 2008* 40

*Aguisín 9 - Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2008* 41

## BROLLACH

A Aire,

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2008, an cúigiú bliain iomlán i mbun feidhme ag Oifig Fhear an Phobail um Pinsin a chur faoi do bhráid.

Leanadh den dul chun cinn maidir le hobair na hOifige agus ardú leanúnach i gcónaí ar ualach na gcásanna. B'ionann líon na gcásanna nua, 758 gcás, agus ardú os cionn 47% i gcomparáid le líon na gcásanna sa bhliain 2007, agus chuir sin arís leis an mbrú ar fhoireann na hOifige. Fáth amháin leis an méadú ar líon na gcásanna is ea gur coimisiúnaíodh córas bainistithe ualach cáis nua ag tús na bliana 2008 trína mbailítear le chéile ar mhodh níos cruinne sonraí na ngearán uile a thagann go dtí an Oifig. In ainneoin sin níorbh fhéidir linn gan an tiomantas as cuimse a léirigh mo chomhghleacaithe san Oifig 639 gcás a dhúnadh i 2008; is méadú de nach mór 10% i gcomparáid le 2007 é sin agus ciallaíonn sé gur thugamar 473 gcás linn go dtí 2009.

Bhí an t-ádh orainn freisin nach raibh aon athrú ar phearsanra i rith na bliana, rud a réitigh an bealach d'ardú ar leibhéal scileanna. Nuair a bhíonn líon iomlán na foirne chomh híseal le 10 d'fhéadfadh iarmhairt as cuimse a leanúint ó fiú athrú amháin ar na torthaí. Cé go bhfáilteoimis roimh bhreis foirne i bhfianaise an méadaithe ar líon na ngearán tuigtear nach bhfuil sin indéanta.

Tagann líon mór "fiosruithe" chuig an Oifig, ar an teileafón nó le ríomhphost agus tagann cuid mhaith díobh sin ó dhaoine nach bhfuil ag iarraidh gearán a dhéanamh ach atá ag iarraidh eolais maidir lena dteidlíochtaí i leith pinsin, nó comhairle maidir le cén áit arbh fhearr dóibh faisnéis a lorg agus i roinnt cásanna míniúchán simplí ar dhoiciméid ina bhfuil téarmaíocht dheacair maidir le pinsean. Cé go ndéanaim mionanailís ar an ualach cáis i Roinn 3, is léir go bhfuil jab mór ann dóibh siúd a bhíonn ag riaradh pinsin sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha a chinntiú go bhfuil a gcuid chumarsáid tráthúil agus intuigthe. Chun na críche sin ba chúis áthais dom rannán nua, "Ceisteanna Coitianta", a chur ar bhun ar an suíomh idirlín i 2008 agus tá súil agam go gcuirfidh sé le heolas na ndaoine maidir leis an réimse seo.

Cuireadh in iúl i mBrollach Thuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite go raibh sé i gceist agam tabhairt faoi roinnt bearta dlí i rith na bliana 2008 d'fhonn a chur ina luí ar fhreagróirí áirithe ar ghearáin nach foláir déileáil go dáiríre leis an Oifig seo. Mar is léir ón suíomh idirlín bhí mé go han-ghnóthach sna Cúirteanna Cuarda agus Dúiche i 2008. Tionscnaíodh caingne cúirte i gcásanna ar diúltaigh daoine freagra a thabhairt ar fhiosrúchán nó ar chlis orthu doiciméid a thabhairt ar airde nuair a iarradh orthu é sin a

dhéanamh. Bhí na himscrúdaitheoirí i láthair sna Cúirteanna Dúiche 12 uair agus sna Cúirteanna Cuarda 4 huaire. Bhí toradh fabhrach ar gach cás agus gearradh fíneálacha ar na cosantóirí nó ciontaíodh iad i gcoir agus dámhadh costais dom. Is deacair a thuiscint cén fáth a rachadh daoine sa seans go gciontófaí i gcion coiriúil iad i gcúrsaí dá leithéid ach de thoradh na poiblíochta a ghabh leis seo creidim go bhfuiltear anois ag urramú mar is ceart iarratais na hOifige ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid.

Cheap an tAire Leasa Sóisialta a bhí ann ag an am mar chéad Fhear an Phobail um Pinsin mé an 28 Aibreán 2003 le haghaidh téarma sé bliana. Is onóir agus is pribhléid mhór dom bheith ceaptha in athuair anois mar Fhear an Phobail um Pinsin ag Mary Hanafin, T.D., an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh in Aibreán 2009 ar feadh téarma ceithre bliana breise. Ag breathnú siar ar an gcéad chúig bliana tháinig méadú ó 297 i 2004 go 758 i 2008 ar líon na ngearán a tháinig go dtí an Oifig ba chúis leordhóthanach sin chun an cinneadh a dhéanamh an Oifig a bhunú. Tá ábhar amháin áfach nach féidir gan aird a thabhairt air agus thagair mé dó i dtuarascálacha a foilsíodh níos luaithe, is é sin an míchothromas maidir le riarachán pinsean seirbhíse poiblí. Tá mé anois go láidir den tuairim gurb é an bealach is straitéisí chun dul i ngléic leis an bhfadhb seo Seirbhísí Comhroinnte i réimse phinsean na seirbhíse poiblí a shocrú agus cuirfidh mé an pointe áirithe seo chun cinn níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

Tráchtfar níos faide síos ar na cúiseanna a bhí leis na gearáin a tháinig agus ar an lón teagaisc atá le baint astu. Ba léir roinnt ceisteanna a theacht chun cinn go minic ón obair ar chásanna arís i mbliana agus tá siad sin curtha faoi bhráid an Bhoird Phinsean agus an Rialtóra Airgeadais de réir mar is cuí. Is mian liom a lua gur mór agam féin agus ag foireann na hOifige an comhoibriú leanúnach a bhíonn idir an Oifig seo agus an Bord, an Rialtóir agus an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus a chuid foirne agus é de chuspóir leis an gcomhoibriú go gcinntítear an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil dóibh siúd a bhaineann úsáid as seirbhísí airgeadais.

Ní foláir dom buíochas a chur in iúl don Bhord Pinsean as fáil a bheith ar chomhaid de chuid an Bhoird le linn imscrúdúcháin. Chumasaigh an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008 malartú eolais leis na Coimisinéirí Ioncaim agus tá Meabhrán Tuisceana sínithe anois agam leo. Tá Meabhrán cosúil leis á dhréachtadh anois le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Foilsítear, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, Achoimre Cásanna leis an tuarascáil seo. Bítear ag súil go mbeidh tairbhe as sin acu siúd a bhíonn ag plé le gearáin, acu siúd atá ag smaoineamh ar ghearán a dhéanamh agus acu siúd a chuireann comhairle orthu. Leantar den nós ainmneacha na ngearánaithe agus na bhfreagróirí a choinneáil siar ar mhaithe le cosaint don phríobháideacht. Sa chás gur údarás poiblí atá i gceist, ní i gcónaí

is féidir an freagróir a cheilt ó d'fhéadfadh gur léir é ón gcomhthéacs agus ón obair a bhíonn ar siúl ag an ngearánaí.

Is mian liom buíochas a ghabháil leat féin, a Aire, mar gheall ar an gcúnamh taca a thug tú féin agus iadsan a chuaigh romhat dom féin go pearsanta agus d'obair na hOifige. Is mór agam go háirithe an chabhair agus an cúnamh taca a fuarthas ó fhoireann na Roinne – an tAonad Polasaí maidir le Pinsin, a mbíonn caidreamh leanúnach leo, agus na rannóga maidir le cúrsaí Pearsanra, Cuntas, Seirbhísí IS agus Bainistíocht Áiseanna freisin. Is de bharr an chúnaimh thaca sin a bhfuilimid in ann acmhainní a chur chun fónaimh an áit is mó a bhfuil gá leo – imscrúdú na ngearán. Tá mé buíoch chomh maith as an gcúnamh a tugadh don Oifig le linn imscrúduithe, go háirithe ón Rannóg Scóipe agus Seirbhísí Aitheantas Cliaint, ar cúnamh é a thugtar de mheon a léirítear meas iomlán ar neamhspleáchas na hOifige seo.

Glacaim buíochas leis na himscrúdaitheoirí Joe Timbs, Stiúrthóir, Joan Bray, Caitriona Collins, Ciaran Creagh agus John Sheehan, le Joe Dempsey, Bainisteoir Oifige, le Michelle O'Keeffe, Tacaíocht Imscrúdaithe agus le Darina Breen agus Colette Coghlan, Cúntóirí Riaracháin as a dtiomantas agus a ndúthracht. Níor chuir an méadú mór ar ualach na gcásanna dá mbuille iad agus choinnigh a gcuid dúthrachta, dea-mhéin agus díograis an Oifig ag feidhmiú d'ainneoin méadú síoraí ar líon na ngearán.

Beir beannacht,

Paul Kenny

## ROINN 1 – RÉAMHRÁ

Is dóigh gurbh í an bhliain ba mheasa riamh í 2008 i gcúrsaí pinsin. Leanadh de thitim as a chéile na scéimeanna sochair shainithe agus chuir riocht anacair na margaí infheistíochta le fadhbanna dóthanachta scéimeanna ranníoca sainithe go háirithe. Ba lú líon na gcásanna a bhain le fadhb diúltú luathscoir ná saincheisteanna infheistíochta a bhain le AVCanna maille le scéimeanna Ranníoca Sainithe coitianta. Is minic a chuirtear gearáin a bhaineann le hinfheistíocht ar aghaidh go dtí Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais i ndiaidh réamhscrúdú a dhéanamh chun ceist dlínse a réiteach. Tarlaíonn sá nach gá gur "míriarachán" maidir le scéimeanna pinsin a bhíonn i ngearáin a bhaineann le comhairle infhestíochta nó le hiompar idirghabhálaithe airgeadais ach níl dabht ach go dtagann faillí maidir le gníomhú de réir teagaisc nó maidir le hinfheistíocht "iomchuí" a dhéanamh faoi réir réim na hOifige seo agus ní rachaidh sé rite orm sásamh a ordú má bhíonn call leis sna himthosca. Ag an am céanna cé go mbíonn ar iontaobhaithe na hoibleagáidí a chuireann dlí iontaobhais agus Achtanna na bPinsean orthu a chomhlíonadh bíonn oibleagáidí ar chomhaltaí scéimeanna freisin. Ní iompar réasúnach é a bheith faillíoch maidir le monatóireacht ar infheistíochtaí nó a bheith ag brath an iomarca ar eolas roimh ré a bheith ag iontaobhaithe. In go leor cásanna áfach is de bharr droch-chumarsáide nó easpa cumarsáide a tharlaíonn an loiceadh.

Leagtar de dhualgas ar an Oifig imscrúdú a dhéanamh mar gheall ar ghearáin, míriar a mbíonn caillteanas airgid dá bharr agus réiteach mar gheall ar cheisteanna fíorais nó dlí a eascraíonn ó aighneas maidir le Scéimeanna Pinsean Ceirde, Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta agus Conarthaí "Iontaobhais" Blianachta Scoir áirithe. Bíonn de ról againn chomh maith lón eolais óna dtugaimid faoi deara i mbun na hoibre dúinn a chur faoi bhráid lucht ceaptha polasaí ionas go gcuirtear athruithe riachtanacha inmhianta ar an gcóras de réir mar is féidir.

Cuireadh tús le linn na bliana 2008 freisin leis an bplé ar athchóiriú riachtanach ar an gcóras pinsin agus socraíodh 31 Bealtaine 2008 mar dháta scoir le haghaidh aighneachtaí i leith an Pháipéir Ghlais um Pinsin. Beidh tionchar go ceann i bhfad ag na hathruithe a thagann de bharr an phróisis chomhairliúcháin seo. Is den riachtanas dá bharr sin gurb iad na socruithe cearta a dhéantar ar mhaithe leis an tír agus na hoibrithe. Bhí an t-ádh orainn maidir le cineál an daonra in Éirinn rud a fhágann gur moille a thiocfaidh an lucht saothair anseo in aois agus a thiocfaidh an t-ardú dá réir maidir leis an gcóimheas cleithiúnais i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip. Cé gur féidir linn súil a choinneáil ar na tíortha sin agus lón teagaisc a chnuasach, bíonn an idirthréimhse idir tionscnamh agus toradh pleanála chomh fada sin i gcúrsaí pinsin nach féidir tionchar iomlán na socruithe criticiúla a chuirtear i bhfeidhm anois a mheas go ceann na mblianta fada. Tá a mhalairt fíor freisin go háirithe sa chás seo - b'olc an iarmhairt a leanfadh as faillí a dhéanamh

anois dá ndéantaí agus ba dheacair "leigheas sciobtha" a fháil uirthi níos sia ar aghaidh. Rinne mé Aighneacht mhionsonraithe maidir leis an bPáipéar Glas faoi Phinsin i mBealtaine 2008. Bhí dhá chuid san aighneacht agus tá sí ar fáil ar an suíomh idirlín ag www.pensionsombudsman.ie. Tá freagraí sa chéad chuid den aighneacht ar cheisteanna sonracha a cuireadh sa Pháipéar Glas. Sa dara chuid ardaíodh ceisteanna sonracha agus liostaíodh aimhrialtachtaí maidir le polasaithe agus cleachtais phinsin reatha ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus sin laistigh de fhráma ama níos giorra, más féidir, ná a shamhlófaí le forbairt straitéis phinsin náisiúnta ghinearálta. Cé nárbh fhéidir i líon beag focal achoimre a dhéanamh ar aighneacht mhionsonraithe 36 leathanach ar fhad is féidir a rá go raibh an aighneacht a rinne mé i bhfabhar pinsean uilechoitinn a thabhairt isteach bunaithe ar choincheap an ranníoca iomláin a chuirfeadh bunphinsean treoirnasctha ar fáil ag am scoir. D'fhéadfaí pinsean breise a chur leis trí shocrú sainordaitheach neamhdhian de chineál SSIA. Ina theannta sin mhol mé feabhas a chur ar shocruithe atá ann faoi láthair agus/nó aimhrialtacht a dhíothú i réimsí a leithéid AMF/ARMF, pinsin shóisialta, socruithe um sheirbhís phinsin phoiblí, comhaltaí neamh-inrianaithe le linn foirceanta, náisiúnaigh ó thíortha seachas Éire/lucht buanimirce agus Dlí Teaghlaigh. Rinne mé láithreoireacht freisin os comhair an Choimisiúin um Chánachas maidir le cúrsaí pinsin a bhain lena shainchúram.

Tráchtaim go sonrach sa tuarascáil seo ar roinnt ceisteanna a tháinig chun cinn maidir leis na gearáin a rinneadh i mbliana. Tagraíodh i dTuarascáil Bhliantúil ó na blianta roimhe seo don mhoill a bhain le Réiteach Aighnis Inmheánach (RAI) i gcás scéimeanna údarás poiblí a thabhairt chun críche. De thoradh ar bheart ón Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, a scríobh chuig a chuid comhghleacaithe, tá feabhas mór tagtha maidir leis an gceist sin ach tá roinnt réimsí ann i gcónaí ina bhféadfadh cúrsaí a bheith i bhfad níos fearr. Ní hamhlaidh gur ceangal sainordaitheach amháin atá sa phróiseas RAI chun freastal do réiteach aighnis i réimse na bpinsean – tuarascáil mhionsonraithe móide chinneadh an toradh a bhíonn air agus is mór an cúnamh dom í i dtaca le mionchúiseanna gearáin agus is fearr a bhím in ann cinneadh a dhéanamh dá barr faoi an dtagann an gearán faoi mó shainchúram. Mar shampla tharlódh go mbeadh sé soiléir ón bpróiseas RAI gurb as conradh fostaíochta nó as próiseas caidrimh tionsclaíoch i ndáiríre a d'eascair an aighneas idir na páirtithe seachas as an scéim phinsin féin. Is pointe tosaigh láidir é an RAI freisin do na hImscrúdaitheoirí. Is mór is ábhar spéise dom próiseas an RAI agus an tionchar a bhíonn aige ar réiteach aighnis. Cé nach bhfuil an Córas Bainistithe Cáis nua i bhfeidhm ach ó thús na bliana 2008, léiríonn staitisticí ón tréimhse sin sa chás go bhfuil gearán faighte agam agus comhairle tugtha maidir le riachtanas RAI, nach dtagann (3%) acu chun cinn mar ghearáin in athuair. Ach níl dabht ach go bhfuil go leor cásanna a ndeachaigh RAI i bhfeidhm chun fadhb a réiteach nár tháinig (de réir an tsainmhínithe) an Oifig ar an eolas fúithi.

Tá sé luaite agam cheana gur féidir suirbhé a dhéanamh ar scéimeanna pinsin chun éifeachtúlacht na bpróiseas RAI a thástáil agus tá sé ar m'intinn é sin a dhéanamh tráth a dtiocfadh don chóras iomlán bheith níos lú faoi bhrú ná mar atá sé faoi láthair.

Thrácht mé anuraidh ar a gcás siúd a bhíonn ag plé le cúrsaí aoisliúntais sa tseirbhís phoiblí, ar an éagothroime a bhaineann leis an riarachán i gcodanna éagsúla den tseirbhís phoiblí agus ar fhírinne an cháis nach i gcónaí a bhíonn an buíochas agus an t-aitheantas don té a roghnaíonn dul go sainiúil le cúrsaí pinsin agus aoisliúntais atá dlite dó. Ina theannta sin tarlaíonn sé go gcaitear go hainnis leis an "gcustaiméir", duine de réir an tsainmhínithe a chaith is dóigh an chuid is fearr dá s(h)aol oibre sa tseirbhís poiblí. Bhí cásanna idir lámha agam nár íocadh pinsean don tá a bhí ina theideal ar feadh na míonna tar éis éirí as dó, cásanna freisin ina n-athraítear ríomh an phinsin de réir cibé údarás áitiúil atá ina fhostaitheoir. Níor cheart an gá atá le heolas sainiúil ar réimse chomh mionteicniúil le cúrsaí pinsin a mheas faoin bhfiúntas. Ní d'fhás aon oíche a thagann an saineolas is gá le riarachán a dhéanamh ar shocruithe pinsin na seirbhíse poiblí, agus nuair atá sé faighte ní mór é a choinneáil laistigh d'eagras. Is ón earnáil phoiblí a thagann suas lena dtrian de na gearáin uile a thagann go dtí an Oifig agus ní mór do na himscrúdaitheoirí a mbealach a dhéanamh trí thranglam reachtaíochta, rialacháin agus rialacha agus chleachtais i Ranna Rialtais Áitiúla, i ngníomhaireachtaí leathstáit, in údaráis áitiúla agus san FSS. Níos minice ná a mhalairt is le staid níos luaithe den eagras (Bord Sláinte mar shampla) a bhaineann rialacha na scéime pinsin agus, rud is iontasaí fós, tig lena leithéidí de rialacha bheith difriúil ó chéile maidir le cur chun feidhme i réigiúin/gcontaetha éagsúla. Is seafóideach an mhaise de go bhfaigheadh duine pinsean níos ísle in áiteanna éagsúla de réir na céille éagsúla a bhaintear as na rialacha. Arbh fhéidir cás níos láidre a dhéanamh ar son socrú maidir le Seirbhísí Comhroinnte le haghaidh phinsin uile na seirbhíse poiblí a bheith lonnaithe in aon áit amháin a mbeadh foireann chleachtóirí pinsin oilte ina mbun? Ní hamháin go mbeadh barainneachtaí scála, comhordú sainmhíniúcháin agus riaracháin, ach bheadh an bunachar eolais ina leithéid d'eagras thar bheith fiúntach don Rialtas i ndáil le gnó pinsin na hearnála poiblí iomláine a luathú. Is é fírinne an cháis go bhfuil smacht glactha ag an Rialtas ar roinnt cistí pinsin i roinnt comhlachtaí san earnáil phoiblí agus b'fhéidir leis sin a bheith ina chéad chéim i dtreo riarachán láraithe.

Chomh fada is a bhaineann sé leis an earnáil phríobháideach bhí méadú an-mhór ar an líon gearáin a tháinig chun cinn i dtionscal na tógála. Nuair a thrácht mé faoin fheiniméan seo níos luaithe i mbliana bhíodar ann a rinne comparáid idir an líon beag gearán agus ballraíocht ollmhór Scéim Phinsin na nOibrithe Tógála. Ní mór a chuimhneamh gur barr cnoc oighir i gcomórtas leis an ollmhéid atá á ceilt faoi uisce an beagán de ghearáin a fhaightear agus nach mbaineann sé ach le ranníocaíochtaí atá gan

bheith íoctha ar feadh níos mó ná trí bliana. Próiseálann na gníomhaireachtaí monatóireachta CIMA agus EPACE go leor cásanna eile sa Chúirt Oibreachais.

De bhreis air sin is ó oibrithe de bhunadh Oirthear na hEorpa céatadán mór de na gearáin a fhaightear. Is cás liom go mb'fhéidir go bhfuil go leor oibrithe dá leithéid amuigh ansin nach bhfuil fios a gceart acu agus ar féidir nach eol dóibh gur féidir gearán a dhéanamh.

Ar an drochuair bíonn cuid de na gearáin rómhall. I roinnt cásanna tarlaíonn sé nach ndéanann oibrithe seiceáil ar a scéimeanna pinsin go dtí go mbíonn a jabanna caillte acu – agus faoin am sin tharlódh go bhfuil an fostaitheoir éirithe as trádáil nó faoi leachtú. An rud is measa leis na cásanna sin is ea gur minic a baineadh an ranníocaíocht ach nár cuireadh ar aghaidh í tráth a bhí tionscal na tógála mar is eol do chách i mbarr a réime.

Bhí méadú ar líon na gcásanna san earnáil seo nár íoc an scéim sochar báis toisc go raibh ranníocaíochtaí gan bheith íoctha nó nach raibh an fostaí cláraithe faoin scéim. I gcás amháin a tuairiscíodh in Achoimre na gCásanna rinneadh cinneadh i gcoinne an fhostaitheora agus de bhrí nár comhlíonadh an cinneadh sin bhí ar an ngearánaí imeachtaí forfheidhmithe a thionscnamh. I gcás eile a bhain le forfheidhmiú d’aontaigh an fostaitheoir an pinsin a íoc ach scoir sé de thrádáil a sheoladh ina dhiaidh sin d’fhonn an oibleagáid a sheachaint. Ina leithéidí sin de chásanna ba chóir go mbeadh gach Stiúrthóir ar an gcuideachta lena mbaineann faoi dhliteanas pearsanta.

## ROINN 2 – CUNTAS ACHOIMRE AR OBAIR NA BLIANA 2008

### *Riar na gCásanna*

Tháinig 758 gcás nua chuig an Oifig i rith na bliana 2008 (ar a n-áirítear 31 chás athoscailte) agus pléadh le 320 fiosrúchán ar an teileafón nár eascair cásanna gearáin iarbhír astu. Is ionann sin agus ardú de 47% ar chásanna nua i gcomórtas le 2007. 'Glanadh' nó tugadh chun críche 639 gcás i rith na bliana. Is ionann sin agus ardú 9.4% i gcomórtas le líon na gcomhad a dúnadh i rith na bliana 2007.

Cé go raibh 354 chomhad gearáin ar oscailt ag tús na bliana 2008 bhí 473 idir lámha ag deireadh na bliana, ardú de 33.6%. Ní hea go bhfáiltímid roimh an ardú sin ach ní mór breathnú air i gcomhthéacs an ardaithe de 47% ar chásanna nua a fuarthas i rith na bliana. Tugtar anailís mhionsonraithe ar ualach na gcás agus ar an riar orthu sa chéad Roinn eile den Tuarascáil. Cé go bhfuil na gearáin a mbítear ag plé leo casta ó chineál agus ó nádúr agus go mbíonn malartú eolais agus soiléiriú mar gheall ar cháipéisíocht de dhíth lena n-ídítear cuid mhaith ama, is ábhar buartha dom i gcónaí an fhad a chaitear le próiseáil a dhéanamh ar ghearán. Is é fírinne an scéil gur as freagra níos sciobtha ar cheisteanna a thiocfaidh toradh níos sciobtha ar ghearán.

### *Córas Riaracháin Cásanna*

Thagair mé dhá bhliain ó shin don ghá le Córas Riaracháin Cásanna nua don Oifig lena dtarlódh staitisticí maidir le heolas ar riar na gcásanna a chur ar fáil gan bheart breise ar bhonn tobuaire agus lena gcuirfí le cumas táscairí feidhmiúcháin ardchaighdeáin a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmiúchán. Is cúis áthais dom a lua gur tháinig an córas nua i bhfeidhm an 2 Eanáir 2008 tar éis próiseas tairisceana i rith na bliana 2007. Creidim gur chuidigh an córas nua go mór leis an ardú de 10% ar na cásanna a dúnadh i 2008. Cuireadh foireann faoi oiliúint agus rinneadh forbairt bhreise i 2008 agus ba cheart go dtiocfadh breis éifeachtachta in obair na hOifige dá thoradh sin ón uair a thugtar an córas i bhfeidhm go críochnúil. Go deimhin, cé go raibh ardú de 40% ar ualach na gcás sa chéad cheathair mhí de 2009 i gcomórtas leis an tréimhse chéanna i 2008 de réir réamhstaitisticí, bhí ardú de níos mó ná 80% ar ráta dúnta na gcásanna, toradh a léiríonn méadú as cuimse ar tháirgiúlacht na hOifige.

## *Cásanna ar eisíodh Cinneadh Críochnaitheach ina leith nó a Réitíodh faoi Eadráin*

Eisíodh 52 Chinneadh Críochnaitheacha faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean, 1990 (arna leasú) i rith na bliana 2008. Astu sin, bhí 71% inar seasadh go hiomlán nó i bpáirt leis an ngearán agus an 29% fuílligh nár glacadh leo. Tugtar anailís níos mionsonraithe maidir leis sin i Roinn 3.

Socraíodh 171 cás i rith na bliana trí eadráin a dhéanamh; bhí toradh fabhrach leis an ngearánaí i 75% díobh. Is inchurtha é sin le toradh ar obair na bliana 2007 nuair a réitíodh 81% de na cásanna i bhfabhar an ghearánaí. Tá difríocht idir an toradh ar féidir a rá gur fabhrach leis an gearánaí atá sé idir cás ina n-eisítear Cinneadh Críochnaitheach agus cás a réitítear faoi eadráin agus is féidir a áitiú gur cuid den chúis leis sin nach bhféadaim treorú go gcuirfí athrú ar riail ná cumhacht lánroghnach na n-iontaobhaithe a chur de leataobh i gCinneadh Críochnaitheach. Bíonn Cinneadh Críochnaitheach freisin ina cheangal ar gach páirtí, faoi réir ag cead achomhairc leis an Ard-Chúirt, agus bíonn an dámhachtain airgid a fhéadaim a dhéanamh teoranta maidir leis an sochar de chuid na scéim a chailltear .i. níl mé in ann an costas a thabhaítear le linn bheith ag troid an cháis, ná cúiteamh maidir le strus nó buairt aigne etc. a chur san áireamh; ceadaíonn eadráin níos mó solúbthachta agus is rímhínic gur réiteach níos sciobtha agus níos sásúla a chuirtear ar fáil leis ná réiteach an Chinnidh Chríochnaithigh.

Nuair a oireann don chás déanfaidh mé de ghnáth Fógra Réamhráiteach faoi Chinneadh, ina leagtar amach na príomhfhíorais de réir mar a fuarthas amach le linn an imscrúdúcháin, a eisiúint sula n-eisítear Cinneadh Críochnaitheach, agus luaifear san fhógra chomh maith an cinneadh is dócha a thiocfaidh bunaithe ar na fíorais. Tugtar leis sin deis don ghearánaí agus don fhreagróir araon soiléiriú a thairiscint mar gheall ar ghnéithe den tuairisc imscrúdúcháin agus aon fhianaise nó tuairimí breise a thabhairt is mian leo a chur i mo láthair sula socraím ar an gCinneadh Críochnaitheach. Oibríonn an próiseas sin go maith ach cuireann sé cuid mhaith leis an tréimhse ama a chaitear roimh an gCinneadh Críochnaitheach. Tharla go raibh tairbhe mhór as sin i gcás a ndearnadh achomharc mar gheall air leis an Ard-Chúirt. Ina ainneoin sin, sa chás go bhfuil fíorais an cháis soiléir agus mise den tuairim nach gá cinneadh réamhráiteach a eisiúint, eisím an Cinneadh Críochnaitheach gan sin a dhéanamh.

## *Eolas*

Caitheann baill den fhoireann cuid mhaith ama ag tabhairt eolais do dhaoine aonair den phobal. Bíonn daoine ag glaoch ar an Oifig lena gcuid fadhbanna a phlé – lena shocrú an bhfuil cúis mhaith gearáin acu fiú amháin nó ar cheart an gearán atá acu a dhéanamh

liomsa in aon chor. Foilsíodh "Ceisteanna Coitianta" (FAQs) i rannán nua den suíomh idirlín i 2008 mar iarracht eolas a scaipeadh agus d'fhonn samplaí de chineáil na ngearán a láimhseáiltear a sholáthar agus d'fhonn glaonna teileafóin a laghdú. Tá na '(FAQs)' leagtha amach ina gceithre chuid – pléitear leis an Oifig agus leis na próisis, le hábhar ginearálta a bhaineann le pinsean, le saincheisteanna faoin earnáil phríobháideach agus le saincheisteanna a bhaineann leis an earnáil phoiblí. Tá fianaise starógach ann a chuireann i bhfios go bhfuil rannán na CCanna (ceisteanna coitianta) thar bheith úsáideach don phobal agus i bhfianaise an mhéadaithe ar "amais" ar an suíomh idirlín i 2008 ó 260,000 go dtí níos mó ná 350,000 tá sin fíor.

## *Cairt an Chustaiméara*

Tá an obair ullmhúcháin ar Chairt an Chustaiméara tugtha chun críche agus cuireadh suas í ar an suíomh idirlín i 2008. Rinneadh beart neamhghnách nuair a ceanglaíodh le Cairt an Chustaiméara Ráiteas maidir le hIompar Gearánaithe Doghlactha. Foráiltear i gCairt an Chustaiméara go bhfuil sé d'aidhm ag Oifig Fhear an Phobail um Pinsin a chinntiú go mbeidh na seirbhísí, na próisis agus na nósanna imeachta a chuirfear ar fáil ar ardchaighdeán, go mbeidh siad cothrom, soiléir agus follasach agus go gcuirfear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i gcomhréir le Cairt an Chustaiméara. I gcás a ndéantar gearán déanfar é a phlé ar mhodh cairdiúil, béasach agus gairmiúil. Tá súil ag an Oifig go ndéanfaidh na gearánaithe amhlaidh agus níos minice ná a mhalairt is amhlaidh a bhíonn. Tá líon beag gearánaithe ann áfach a gcuireann an modh a ndéanann siad teagmháil leis an Oifig bac ar idir a ngearán a mheas agus chumas na hOifige seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí i gcoitinne. Aithním gur féidir go bhfuil gearán dlisteanach ag gearánaí agus gur tairbhiúil an mhaise dó/di a bheith dianseasmhach agus é/í ag iarraidh dul go mbun an angair lena g(h)earán. Is cineál ghníomhartha agus/nó éilimh an ghearánaithe a d'fhéadfadh bheith ina chúis bhuartha domsa agus a thiocfadh salach ar an dualgas atá orm i leith na foirne atá faoi mo chúram.

## *Bearta Bolscaireachta*

Tá méadú suntasach tagtha gach bliain de chúig bliana tosaigh i bhfeidhm ag an Oifig ar líon na ngearán foirmeálta agus na bhfiosrúchán neamhfhoirmeálta a thagann isteach. Ina ainneoin sin, tá fianaise ann a thabharfadh le tuiscint go bhfuil cuid mhaith daoine ann a bhfuil deacrachtaí acu a bhaineann le pinsin agus a dtarlódh nach eol dóibh an Oifig ná a cuid seirbhísí a bheith ar fáil.

Ní raibh ar ár gcumas le cúig bliana anuas oiread ama agus ba mhaith linn a chaitheamh le bolscaireacht faoi ról na hOifige agus aird dhaoine a tharraingt ar í a bheith ar fáil. Is í an chúis ba mhó leis sin, ainneoin an iomraill, an t-ardú ar líon na ngearán agus na

bhfiosrúchán a tháinig agus an t-easpa ama dá bharr sin tabhairt faoin obair bholscaireachta is gá. Sna blianta seo romhainn, ní foláir níos mó ama a chaitheamh le bearta bolscaireachta ionas go mbíonn tuiscint ag an ngnáthdhuine gur ann don Oifig. Tá sin ar siúl cheana féin tríd an suíomh idirlín, www.pensionsombudsman.ie, le beagán fógraíocht agus trí altanna a chur ar fáil i bhfoilseacháin éagsúla maidir le pinsin agus in irisí eile. Scríobhtar colún go rialta don Irish Pensions News, iris de chuid Chumann Chistí Pinsin na hÉireann (CCPÉ). Chuireamar gné-ábhar fógraíochta i roinnt foilseachán chomh maith d'fhonn cur arís leis an tuiscint ghinearálta i measc an phobail ar ról agus ar shainchúram na hOifige. Bíonn sonraí faoin Oifig san 'Yearbook' a fhoilsíonn an Foras Riaracháin agus i gceann CCPÉ agus ar an gcairt phleanála ag Cumann Tomhaltóirí na hÉireann. Rinneadh cur i láthair ó bhéal le heagrais ghairme agus le heagraíochtaí ionadaíochta eile, ina measc an Cumann Árachais Saoil, Institiúid Árachais na hÉireann, Cumann Chuntasóirí Poiblí Deimhnithe Laighean, Cumann Dhlíodóirí Pinsin na hÉireann, Stiúrthóirí Oibrí na gComhlachtaí Stát-Urraithe, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Comhairle Bharra na hÉireann, Irish Institute of Pensions Managers agus Ceardchumainn éagsúla. Bhí seastán againn chomh maith ag an Taispeántas dar theideal *Over 50s* i mBaile Átha Cliath, i gCorcaí agus i nGaillimh i 2008.

Lean na himscrúdaitheoirí de chothú an chaidrimh taobh istigh de thionscal na bpinsean agus rinneadh freastal ar roinnt cúrsaí oiliúna de chuid an tionscail i rith na bliana. Is é mo thuairim gur mór is fiú freastal ar na cúrsaí sin, ó thaobh oiliúna agus bainistithe faisnéise de agus mar bhealach le poiblíocht a dhéanamh maidir le ról na hOifige.

## *Caidreamh le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta*

Chomh maith leis an gcaidreamh a luaitear thuas le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta bhí plé leanúnach agam i rith na bliana le hOifig an Ombudsman agus leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Bíonn caidreamh ar siúl go seasta idir an Oifig agus Stiúrthóireacht an Tomhaltóra an Rialtóra Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Tharla plé agus idirbheartaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim, an Bord Pinsean, an tOmbudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe, An Cumann Réamhscoir sa Ríocht Aontaithe agus an Institiúid Bainistíochta Pinsean. Le linn imscrúdúcháin, bhí caidreamh ag an Oifig chomh maith leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a bhfuil Meamram Tuisceana foirmeálta á chur i gcrích agam faoi láthair leis. Ba mhaith liom mo bhuíochas a lua as an gcomhoibriú a bhí ó na heagraíochtaí sin go léir.

Bíonn caidreamh leanúnach le roinnt Ceardchumann, le CIMA agus le EPACE a dhéanann monatóireacht ar an gcomhlíonadh maidir leis an gComhaontú Fostaíochta Cláraithe i gcás Thionscal na Tógála, agus le Scéim Phinsin na nOibrithe Tógála féin.

Táim féin i mo chomhalta de Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann (BIOA) atá anois faoi chathaoirleachas mo chomhghleacaithe Emily O'Reilly, Ombudsman na hÉireann agus is cathaoirleach mé freisin ar Ghrúpa Oibre Rialachais BIOA. Bíonn baill d'fhoireann na hOifig lánghníomhach in obair an chumainn agus in obair ghrúpaí sainleasa a bhaineann le gnéithe éagsúla d'obair Ombudsman. Tá obair an Chumainn seo ina acmhainn luachmhar i mo thuairimse maidir le hobair na hOifige. I measc na bpríomhchuspóirí ag an BIOA, tá cothú, forbairt agus cosaint ar ról agus ar theideal gach Ombudsman; caighdeáin sárchleachtais a leagan amach agus a chur chun cinn; cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir a eagrú; eolas a fhoilsiú agus páirt a ghlacadh i ngach cineál eile beartaíochta lena gcuirfí leis an tuiscint i measc an phobail ar scéimeanna aitheanta de chuid Ombudsman agus lena gcothófaí an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht ina leith.

### *Athruithe sa Reachtaíocht agus Cúrsaí Dlí*

Tháinig roinnt athruithe sa reachtaíocht a bhaineann leis an Oifig seo i rith na bliana 2008 agus bíonn tionchar mór acu i gcónaí ar obair na hOifige.

Leasaigh an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008 agus an tAcht Leasa Shoisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 Acht na bPinsean. Bhain tábhacht leis an gcéad ceann acu siúd toisc gur thug sé Cuid nua isteach in Acht na bPinsean – Cuid VI A – lena rialaítear clárú Riarthóirí. Ar na seacht sraith de Rialacháin nua a foilsíodh in 2008 ba iad ba mhó tábhacht i ndáil leis an Oifig seo na ceanna a bhain le clárú Riarthóirí. Ní hé go ndearnadh aon athrú ar théarmaí tagartha na hOifige áfach toisc gur tugadh isteach coincheap an Riarthóra Cláraithe ó tharla go bhfuil na Rialúcháin um Fhear an Phobail um Pinsin, 2003-2007 sách leathan sa bhfoclaíocht chun aon chatagóir nua riarthóra a chuimsiú.

Leasaíodh Alt 131 d'Acht na bPinsean i 2006 d'fhonn ligean dom an próiseas maidir le Réiteach Aighnis Inmheánach a sheachaint i gcásanna inar léir nach bhfuil tairbhe le baint as an modh oibre sin. Ní bhaineann sin le scéimeanna reachtúla ná údaráis phoiblí. Anuas air sin, foráiltear do dheimhniú go bhfuil an próiseas RAI caite laistigh dá théarmaí féin sa chás nach bhfuil sé tagtha chun críche taobh istigh den tréimhse reachtúil trí mhí, ná d'aon tréimhse is faide ná sin a mheasaimse bheith cuí.

Tá leas bainte agam as an deis coinníoll an RAI a chur ar neamhní i roinnt cásanna, i dtionscal na Tógála de ghnáth, sa chás gur in aghaidh an fhostóra an gearán agus gur maidir le teip ranníocaíochtaí a íoc nó a chur ar aghaidh an gearán, ó tharla nach mbeadh aon toradh (seachas moill a chur ar an imscrúdú) i gcásanna den sórt sin ar an ngearánaí a chur i mbun plé leis na hiontaobhaithe. Chuir mé coinníoll an RAI ar neamhní níos mó ná riamh i gcásanna eile nuair a mheas mé gur chuí sin – mar shampla, sa chás gur in aghaidh na n-iontaobhaithe féin, nó in aghaidh fostóra arb é an t-aon iontaobhaí amháin freisin é, an gearán, nó sa chás go ndearna an fostaitheoir nó an riarthóir sa chás neamhaird ar an ngearánaí sa dóigh nach raibh aon súil eile ar réiteach aige sin ach teacht chomh fada leis an oifig.

Rinneadh leasú breise ar Acht na bPinsean sa bhliain 2008 d'fhonn Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais a thabhairt faoi mo scáth i gcásanna nach polasaithe árachais amháin na hionstraimí airgeadais ina ndéantar sóchmhainní dá sórt a infheistiú. Foráiltear faoin reachtaíocht do choinníoll RAI i leith scéimeanna den sórt sin. Is faoi scáth Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais a thagann scéimeanna iontaobhais a bhfuil na sócmhainní iontu faoi árachas iomlán. Go n-uige seo níl ach gearán amháin faighte agam sa chatagóir seo.

Sa Tuarascáil Bhliantúil anuraidh d'fhógair mé go raibh sé ar intinn agam ionchúiseamh coiriúil a thionscnamh i gcoinne daoine a chuireann bac ar imscrúduithe na hOifige seo. Is oth liom a rá go raibh orm dul i mbun gníomhaíochta dá sórt rómhinic. Mar a luaitear i mBrollach na Tuarascála seo bhí oifigigh ón Oifig ag freastal ar an gcúirt 16 huaire i 2008 - 12 uair sa Chúirt Dúiche agus 4 huaire sa Chúirt Chuarda. Cé go ndearnadh ordú ar chostais i bhfabhar na hOifige i ngach ceann de na cásanna sin cuireann sé moill mhór ar obair phróiseála an ghearáin má bhíonn orm réiteach a fháil ar imscrúdú ar an mbealach seo; déantar éagóir ar an ngearánaí agus is cur amú mór am imscrúdaithe arbh fhearr é a chaitheamh ar obair níos bisiúla. Ina theannta sin cé go ndámhtar costais sna cásanna seo ar pionós breise iad don chosantóir ní chlúdaíonn siad costas iarbhír an ionchúisimh nó gar dó. De bhrí gur gá a chinntiú go gcaitear go dáiríre leis na himscrúduithe leanfaidh mé liom ag tionscnamh caingne sna Cúirteanna i gcásanna a gcoinnítear siar eolas atá riachtanach don imscrúdú. Ón uair a bhíonn an breithiúnas faighte foilsím sonraí ar an suíomh idirlín lena n-áirítear ainmneacha agus seolta na daoine atá ag iarraidh bac a chur ar an obair.

## *Meabhráin Tuisceana*

Leagtar amach i Meabhrán Tuisceana leis an mBord Pinsean, na cúraimí maoirseachta atá ar an mBord agus ar Fhear an Phobail faoi seach ionas gur féidir le foireann an Bhoird an Meabhrán a úsáid d'fhonn deimhniú ar faoi shainchúram Fhear an Phobail ó cheart a thagann an chúis a bhfuil imscrúdú á dhéanamh acu air nó vice versa. Leagtar amach ann freisin na socruithe don chomhoibriú agus don mhalartú eolais idir na Páirtithe taobh istigh de shrianta faoin reachtaíocht. Cuireann seo leis an meabhrán atá ann cheana féin leis an Rialtóir Airgeadais agus an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais.

Tá Meabhrán Tuisceana ann leis an Ombudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe chomh maith agus baineann an plé le gearáin agus aighnis maidir leis an Scéim Phinsin do Chomhlachtaí Thuaidh-Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta leis sin. Bhí gá leis sin ó tá an scéim bunaithe ó thaobh dlí an dá thaobh den teorainn. Ó dheireadh na bliana shínigh mé Meabhrán Tuisceana leis na Coimisinéirí Ioncaim freisin d'fhonn éifeacht fhoirmeálta a thabhairt don cheart eolas a mhalartú leis an gcomhlacht sin. Tá mé ag cur críoch le meabhrán Tuisceanna leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideacha freisin a rialóidh comhroinnt na faisnéise is cuí do na róil atá againn faoi seach.

## *Áisiúlacht agus Léire don Phobal*

Déanann an Oifig gach dícheall cinntiú go mbíonn an teacht is fearr is féidir ag gach duine ar na seirbhísí. Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) i rith na bliana 2006 iniúchadh ar an áisiúlacht a choimisiúnú maidir leis an bhfoirgneamh. Ba léir ón tuairisc dá bharr go mbeadh obair shuntasach athchóiriúcháin de dhíth, go mbeadh lánáisiúlacht ag baint leis an bhfoirgneamh agus chuir OOP na moltaí maidir leis an obair sin faoi athbhreithniú. Tuigeadh ó scrúdú ailtireachta go raibh lochtanna struchtúir le cur ina gceart agus rinneadh sin i rith na bliana f. D'fhág sin gur caitheadh an obair áisiúlachta a chur ar athló an tráth sin. Ar an drochuair de bharr na srianta airgid atá ann faoi láthair ní bheidh mé in ann moltaí an iniúchta a chur i bhfeidhm ag an bpointe seo. Leanfar idir an dá linn den pholasaí atá againn sa chás go mbíonn deacracht ar leith ó thaobh áisiúlacht na hOifige don ghearánaí go ndéanfar socrú cuairt a thabhairt air i láthair oiriúnach eile, a theach cónaithe féin san áireamh más é sin atá de dhíth.

## *Oiliúint agus Forbairt*

Leanadh den phróiseas oiliúna agus forbartha pearsanta don fhoireann ar fad i rith na bliana 2008. Is é a bhain leis sin: traenáil theicniúil i réimsí a bhaineann le pinsin; treoir teagaisc sna réimsí éagsúla a bhaineann le teicneolaíocht an eolais go háirithe leis an gCóras Riaracháin Cásanna nua; agus, cúrsaí oiliúna eile a sonraíodh mar chuid de pháirt an duine aonair sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin.

## *Cúrsaí Foirne*

Is cúis athair liom a rá go raibh an fhoireann ar lánlíon i 2008, rud atá thar bheith tábhachtach chun scileanna agus eolas corparáideach a chothabháil.

## ROINN 3 - ACHOIMRE & STAITISTICÍ MAIDIR LE hUALACH na gCÁSANNA 2008

Tharla ardú suntasach arís i mbliana ar an ualach oibre san Oifig. Tugadh **354** chás ar aghaidh ón mbliain 2007 agus tháinig **758** ngearán nua i rith na bliana 2008; sin **1,112** ghearán don bhliain ar fad, ardú de 18.5% i gcomórtas le 2007. Dúnadh **639** gcás acu siúd i rith na bliana agus bhí fuílleach de **473** chás idir lámha ag deireadh na bliana (Féach sonraí i Léiriú 3.4 agus in Aguisín 2). Bhí méadú ar líon na gcásanna a dúnadh i rith na bliana i gcomparáid leis na **584** chás sa bhliain seo caite.

Gné thábhachtach den obair a bhíonn ar siúl againn is ea an t-am a thógann sé chun cásanna a réiteach. Is cúis áthais dom a thuairisciú maidir leis sin gur mór an feabhas atá ar chúrsaí i 2008 i gcomórtas le 2007. I 2008 dúnadh 40% de na cásanna laistigh de 5 seachtaine agus dúnadh 10% breise sna 5 seachtaine ina dhiaidh sin. Fágann sin gur dúnadh 50% d'ualach na gcásanna laistigh de 10 seachtaine i 2008 an áit arbh é 37% an figiúr comhfhreagrach i 2007.

### Anailís ar na Cásanna i gCrích

### *Cásanna Eadrána*

Is cúis áthais dom gur thángthas ar réiteach trí eadráin ar **171** chás i rith na bliana. Astu sin, thángthas ar réiteach a raibh an gearánaí sásta leis ar **128** gcás, eadhon, **20**% de na **639** gcás ar fad a dúnadh i rith na bliana gan ghá le himscrúdú iomlán. Tá sin beagán **níos ísle** ná an **27**% sa bhliain seo caite. Is léir gur fearr i bhfad cásanna a réiteach tríd an bpróiseas eadrána in áit é bheith riachtanach imscrúdú iomlán a dhéanamh orthu nuair a chuirtear san áireamh an t-achar ama a chaitear le próiseáil cháis ó thagann an gearán isteach go dtugtar chun críche é. **34** seachtaine ar an meán a chaití le réiteach sásúil a fháil trí phróiseas eadrána i gcomórtas le meántréimhse **75** seachtaine sula n-eisítí Cinneadh Críochnaitheach a sheas leis an ngearán.

Maidir leis an **43** chás fuílligh a réitíodh tar éis eadráin na hOifige, níor fhág siad athrú ábhartha ar chúinsí an ghearánaithe ná ní réiteach i bhfabhar an ghearánaithe a lean astu.

## *Cinntí Críochnaitheacha*

Rinneadh Cinntí Críochnaitheacha faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean maidir le **52** (**8%)** de na cásanna a dúnadh. Seasadh leis an ngearán i gcás **37** acu sin agus diúltaíodh do **15**.

Nuair is léir, le linn scrúdú a dhéanamh ar ghearán, nach féidir réiteach na ceiste a fháil tríd an bpróiseas eadrána, cuirfear in iúl don ghearánaí go gcuirfear imscrúdú foirmeálta ar bun d'fhonn Cinneadh Críochnaitheach a bhaint amach. Is léir ó staitisticí againn gurbh é **83** seachtaine an mheántréimhse próiseála cáis ó thionscnamh imscrúdaithe fhoirmeálta go heisiúint Cinneadh Críochnaitheach i 2008 i gcomparáid le meántréimhse **54** seachtaine i 2007. Níl ansin ach leide ginearálta faoin tréimhse ar an meán, ó braitheann an t-achar a chaitear ní amháin ar a chasta agus atá an cás ach ar an gcomhoibriú ó pháirtithe uile an ghearáin maidir leis an eolas a éilítear a chur ar fáil go tráthúil.

I gcásanna a mbíonn imscrúdú foirmeálta le tarlú, is iondúil go n-eisím tuairim réamhráiteach le páirtithe uile an ghearáin sula n-eisítear an Cinneadh Críochnaitheach. Leagtar amach fíorais ábhartha an cháis sa tuairim réamhráiteach agus tugtar leide maidir leis an socrú a bhainfidh leis an gCinneadh Críochnaitheach. Cé go gcuirfidh an cleachtas seo leis an tréimhse ama chun cás a thabhairt i gcrích, creidim gur mó is fiú an tairbhe dá bharr ná an t-am breise a chaitear ar an ngearán.

## *Níor tháinig faoi scáth na dTéarmaí Tagartha*

Níor tháinig **145** (**22.8**%) de na cásanna a dhúnadh faoi scáth na dtéarmaí tagartha ar chúiseanna éagsúla. Mar shampla, bhí **29** gcás a tháinig faoi scáth Ombudsman, Rialtóra nó Comhlacht Stáit eile. B'ar réimse cúiseanna ilghnéitheacha nach raibh an fuílleach, **116** chás, ag teacht faoi scáth na dtéarmaí tagartha, mar shampla bhí siad lasmuigh de na teorainneacha ama, ní raibh aon chaillteanas airgid etc.


## *Cúiseanna Ilghnéitheacha le Críoch Cáis*

Bhí **146** chás (**22.7**%) a tugadh chun críche tar éis comhairle ghinearálta a chur ar fáil ba leor mar fhreagra sásúil ar an bhfiosrúchán a rinne an gearánaí. Bhí ísliú beag i gceist leis sin i gcomórtas le figiúr na bliana roimhe seo, **150** (**26**%), rud a léiríonn nach é amháin go bhfuil tuiscint níos fearr ag teacht do dhaoine den phobal ar a thábhachtaí agus atá sé eolas a bheith acu ar a bhfuiltear ina dteideal ó thaobh pinsin de d'fhonn teacht roimh aon deacracht a thiocfadh chun cinn tráth is faide anonn ach go bhfuiltear níos eolasaí chomh maith ar fheidhm na hOifige agus ar an bhfónamh a dhéantar ann.
Cé gur féidir go dtabharfadh an chatagóir "Comhairle Ghinearálta a Tugadh" le tuiscint

go bhfuil na cásanna seo simplí go leor ní hamhlaidh atá. Is minic nach léir ar an gcéad amharc go bhfuil an gearán dlisteanach, nó go dtagann sé faoi scáth mo chúram nó cé an té a bhfuil sé dírithe ina choinne. Mar shampla cé go mbeadh dealramh follasach ar an míriarachán b'fhéidir nach mbeadh sé chomh follas sin gur cailleadh airgead dá bharr iarbhír. Tá teideal ó thaobh dlí ag gearánaithe go ndéanfaí gearáin dhlisteanacha acu a imscrúdú agus dá bhrí sin is ormsa atá an dualgas a chinntiú an áit a rialaím nach dtagann gearán faoi scáth mo chúram go bhfuil an réasúnú is buntaca dó sin sách folláin. Ar an drochuair ní mór am a chaitheamh air sin agus nuair atá sé déanta mínítear fáth an chinnidh gan imscrúdú a dhéanamh agus tugtar comhairle ghinearálta.

Ní féidir leis an Oifig – ach amháin i roinnt cásanna eisceachta – imscrúdú a dhéanamh mar gheall ar ghearán nó aighneas nár cuireadh cheana féin faoi bhráid chóras Réiteach Aighnis Inmheánach (RAI). Dúnadh ceithre chás fichead mar gheall nár leanadh leis an ngearán tar éis a chur de chomhairle ar an ngearánaí an cás a chur faoi bhráid chóras RAI, rud a chuireann in iúl gur déileáil an córas RAI leis an ngearán ar bhealach sásúil. Dúnadh **102** chás breise nuair a chuir an gearánaí in iúl nár mhian leis dul ar aghaidh leis an ngearán.

**Léiriú 3.1 – Críoch Cáis de réir Cúise 2008**




**Nóta:** RAI – Réiteach Aighnis Inmheánach

TTS - Téarmaí Tagartha Seachtracha


Eadrán neamhrathúil - Níor thángthas ar réiteach sásúil maidir leis an cheist bhunaidh a d'ardaigh an gearánaí

Eadrán rathúil - Thángthas ar réiteach sásúil maidir leis an cheist bhunaidh a d'ardaigh an gearánaí

## Staitisticí


I 2008 tháinig **68**% de na gearáin ó fhearaibh agus **32**% ó mhná. Ba iad 72% agus 28% na figiúirí comhfhreagracha i 2007. Tá an méadú beag ar líon na ngearáin ó mhná ag teacht leis an méadú ar líon na mban san fhórsa oibre a bhfuil clúdach árachas pinsin acu.

Léiriú 3.2. - Gearáin a Fuarthas ó Fhir agus ó Mhná i 2008





Briseadh síos ar na gearáin a fuarthas i 2008 rangaithe de réir chineál na príomhscéime pinsin – scéimeanna pinsin ceirde príobháideacha **52**%, scéimeanna poiblí pinsin **33**% agus gearáin a bhaineann le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) **4**%.

Léiriú 3.3 – Gearán de réir Cineál Scéime i 2008



## Léiriú 3.4 – Achoimre ar Shreabhadh Oibre 2008




*De bharr athraithe in aicmiú na nglaonna teileafóin faoin gCóras Riaracháin Cásanna nua i 2008, níl na sonraí don bhliain sin iomlán. Cuirfear sonraí cruinne ar fáil don bhliain 2009. Is eachtarshuímh sonraí 5 mí an figiúr a luaitear.

## ROINN 4 - A BHFUIL FOGHLAMTHA AGAINN

Is ag iarraidh a fhoghlaim ó na gearáin éagsúla a thagann chuig an Oifig i rith na bliana a bhím mar ba ghnách dom riamh agus beidh an tuarascáil seo ina hacmhainn dóibh siúd a bheidh freagrach as riar na scéimeanna agus cuideoidh sí leo roinnt de na gaistí riaracháin atá léirithe sna gearáin seo a sheachaint. Tá an lón teagaisc atá le baint aibhsithe freisin sna Cinntí foirmeálta a eisíodh chuig ghearánaithe agus fhreagróirí, agus is minic a dhéanaim moltaí maidir le cad is féidir a dhéanamh le nach dtarlóidh fadhb áirithe in athuair. Ina theannta sin aon rud a mhúnlódh polasaí pinsin go ginearálta cuirfear ar aghaidh é go dtí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

### *Riarachán Pinsin Seirbhise Poibli*

Thagair mé anuraidh do mhíchothromas riaracháin i scéimeanna na Seirbhíse Poiblí. Fadhb é seo a tháinig chun cinn go tráthrialta i 2008. Is léir é sin go háirithe i gcás go mbíonn an fhreagracht maidir le riarachán scaipthe go forleathan – mar atá sí i réimse na Seirbhísí Sláinte mar shampla. Ar na cúiseanna a dtugtar mínithe ginearálta don fhocal "riarthóir" i Rialacháin Fhear an Phobail um Phinsean tá go sonrach go gceadaíonn sé dom gníomhartha na ndaoine a bhíonn ag déileáil go hiarbhír ar an talamh le teidlíochtaí na mball a iniúchadh, seachas bheith taobh leo siúd amháin a bhfuil freagracht ardleibhéil acu as na scéimeanna.

Ní féidir glacadh leis go n-athraíonn an sochar pinsin a bhfuil fostaí sa tseirbhís phoiblí ina dteideal de réir cibé ceantar iarBhord Sláinte ina raibh sé fostaithe, ach tarlaíonn sin toisc go ndearnadh aontuithe ar bhonn áitiúil sular cuireadh FSS i dtoll a chéile agus san idirthréimhse i ndiaidh Eanáir 2005 táthar fós ag comhlíonadh coinníollacha na gcomhaontas sin agus níltear ag riar na sochar ar mhodh comhchuibhithe go náisiúnta.

Ag an am céanna tagann cásanna chun cinn a bhaineann le "forbairtí/comhaontais" atá tarlaithe i réimse an chaidrimh thionsclaíoch, nach bhfuil léirithe i rialacha na scéime aoisliúntais ábhartha ach ina dtagraíonn Oifigigh don "chló beag" mar leithscéil ar an éagóir agus ar an míréasúntacht a chleachtaíonn siad.

Tá toirmeasc orm de réir mo théarmaí tagartha cinneadh a dhéanamh a d'fhéadfadh athrú a chur ar Rialacha scéime – agus tá cúiseanna maithe dóthanacha leis an toirmeasc sin. Níl aon rud áfach a chuirfeadh cosc orm a chinneadh - mar cheist dlí – go bhfuil athrú ar choinníollacha fostaíochta nach bhfuil léirithe i rialacha na scéime féin neamhbhailí i dtéarmaí na scéime féin.

Luaigh mé anuraidh go raibh mé den tuairim go raibh easpa taithí sa Rannóg Aoisliúntais i roinnt chodanna den tseirbhís phoiblí agus go bhfuil géarghá le saineolas. Creidim gur

dócha go mbeidh an fhadhb ag dul i dtreise de réir mar a shroicheann cuid díobh siúd a bhfuil an t-eolas sin acu an aois scoir nó de réir mar a roghnaíonn siad luathscor. Luaigh mé freisin go raibh easpa soiléire ó thaobh struchtúr na gairme beatha laistigh den tseirbhís phoiblí a théann i gcion ar dhaoine a bheadh toilteanach murach sin an obair is gá a dhéanamh chun an saineolas atá riachtanach le haghaidh riarachán cuí pinsin a fháil.

Tharraing mé aird ar an bhfíoras suntasach gur lú i bhfad líon na bhfadhbanna sa chás go gcoinnítear diansmacht ar na scéimeanna agus go bhfuil foireann le saineolas ann lena riar. In ainneoin deacrachtaí áitiúla a thagann chun cinn is amhlaidh a bhíonn cúrsaí i réimse an Rialtais Áitiúil mar shampla.

Cé go bhfuil bearta déanta maidir leis seo agus go bhfuil siad fós á ndéanamh sa tSeirbhís Sláinte chun smacht a fháil ar riarachán na scéimeanna éagsúla a mbíonn feidhm acu i leith baill éagsúla dá foireann ar chúiseanna stairiúla, creidim go bhféadfaí i bhfad níos mó a dhéanamh ar fud na seirbhíse poiblí.

Áirítear réimse na bpinsean orthu sin agus níos mó ná in aon réimse eile is ann a bhfuil gá le réiteach na "Seirbhísí Comhroinnte". Creidim go bhfuil airgead mór le sábháil dá nglacfaí le múnla na seirbhísí comhroinnte i ndáil le gach aoisliúntas seirbhíse poiblí agus áirím leis an ráiteas sin Státseirbhís, leathStát, Údarás Áitiúil, FSS etc. Ní hé amháin go bhféadfaí barainneachtaí scála tábhachtacha a bhaint amach ach dá mhéid a dhíreofaí an saineolas a theastaíonn chun an jab a dhéanamh, ba lú seans go dtarlódh botún nó aimhrialtacht – agus ba lú go mór a chosnódh sé iad a chur ina gceart. Bheadh foinse amháin saineolais maidir le gach gné de phinsin na seirbhíse poiblí ar fáil don Rialtas ar an bpointe freisin. Ní moladh radacach é seo ar chor ar bith. Is maith is eol dom go bhfuil Seirbhís Chomhroinnte thar bheith rathúil á feidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a bhí ag breathnú i dtosach báire i ndiaidh na gcúrsaí airgeadais uile ar a n-áirítear tuarastail na Roinne sin, na Seirbhíse Príosúin, an Gharda Síochána agus na Seirbhíse Cúirteanna ach atá anois ag riar ar éilimh airgeadais na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus Roinn an Taoisigh.

### *Réiteach Aighnis Inmheánach – an tSeirbhís Phoiblí*

Luaigh mé i dtuarascáil na bliana seo caite go raibh feabhas suntasach maidir leis an tréimhse ama a thóg sé chun an RAI a thabhairt chun críche sa tseirbhís phoiblí go ginearálta, cé go raibh réimsí áirithe ann go fóill nach raibh práinn ná dada cosúil léi le sonrú.

Is fíor go fóill go bhfuil roinnt Ranna ann a théann go hiomlán i muinín na Roinne Airgeadais chun an RAI a stiúradh de bhrí b'fhéidir go bhfuil an saineolais a theastódh

lena láimhseáil go hinmheánach in easnamh mar a luaigh mé níos luaithe. Déanann sin éagóir don Roinn Airgeadais agus baineann an bonn den idé taobh thiar den RAI de bhrí go bhfuil in go leor cásanna ar aon chaoi foráil ann maidir le tarchur chuig an Aire Airgeadais mar chuid den phróiseas achomhairc. Níor chóir go mbeadh ar an Roinn Airgeadais an próiseas go léir a láimhseáil ó thús deireadh nó go mbeadh uirthi dul go dtí Ranna eile ag iarraidh faisnéise ar chóir a bheith curtha ar fáil di agus curtha ar aghaidh leis an gcomhad.

Luaigh mé go raibh drogall orm na cumhachtaí a tugadh dom a fheidhmiú chun an próiseas a mheas mar ídithe de réir a théarmaí tar éis trí mhí a bheith caite nó tar éis cibé tréimhse níos faide ná sin a mheasfainn a bheith iomchuí. Tá tábhacht le cinntí an phróisis RAI mar phointe tosaigh i ndáil le himscrúdú foirmeálta agus is tríothu a scaiptear solas ar an bpróiseas a théann roimh an bhFógra Cinnidh. Is mór is fiú é freisin go háirithe chun gnéithe doiléire de chleachtas nó de rialúchán ar féidir nach bhfuil siad follasach ar an gcéad amharc a thabhairt chun solais. Ach fós féin ní fearrde an ceart moill fhada ag cur an phróisis i gcrích agus is éagóir an mhoill sin orthu siúd a dhéanann gearáin – go háirithe iadsan ar féidir gurb é an mhoilleadóireacht maidir le sochair a íoc nó le heolas a thabhairt is bunús lena ngearáin.

Admhaím go bhfuil réimsí leathan den tseirbhís phoiblí nach mbíonn aon fhadhb acu leis an RAI de réir dealraimh ach in ainneoin sin sé mo bhreithiúnas ar an earnáil phoiblí tríd is tríd go "bhFéadfadh sí Feidhmiú níos Fearr!"

## *RAI na hEarnála Príobháidí*

Go ginearálta bhíothas réasúnta géilliúil do theorainneacha ama RAI san earnáil phríobháideach, mar ab amhlaidh riamh. Tá go leor cásanna ann anois a gcuirim an ceangal ar neamhní trí fheidhmiú na cumhachta atá agam. Baineann a bhformhór leis an earnáil Tógála mar is ann faraor is mó a fhaightear gearán maidir le teip ranníocaíochtaí a chur ar aghaidh thar ceann oibreoirí. A mhinice a bhí gearáin den sort sin ag teacht chugam ba chúis leis gur iarr mé an chumhacht an RAI a chur ar neamhní ar an gcéad dul síos toisc nár léir dom go mbeadh de thoradh ar an bpróiseas acu tuilleadh moille a chur ar a leithéidí de chásanna. Tá méadú ar na cásanna atáthar ag tabhairt i gcoinne iontaobhaithe scéime áfach go háirithe nuair is infheistíocht mhaoine atá i gceist agus creidim nár chóir d'iontaobhaithe a bheith ag breithniú a ngníomhúcáin féin. Tá sé de chlaonadh agam dá bhrí sin ceangail an RAI a chur ar neamhní ina leithéidí de chásanna freisin.

## *Ag Foghlaim ó na Gearáin*

Is trí lón teagaisc a bhaint as botúin is fearr a sheachnaítear a n-athdhéanamh agus is toradh tábhachtach sin ar réiteach aighnis. Sin fáth amháin go bhfoilsím Achoimre na gCásanna gach bliain in éindí leis an Tuarascáil Bhliantúil. Cuirim faisnéis ar ais chuig lucht déanta polasaí agus rialaitheoirí i gcás a mbeadh dearadh scéime nó táirgí ina ábhar trioblóide do chomhaltaí agus do dhaoine nach iad.

Faraor is deacair leigheas a fháil ar mhíriarachán áirithe. Faighim gach bliain gearáin ó oibreoirí sa tionscal tógála maidir le neamhíoc ranníocaíochtaí chuig Scéim Pinsin na nOibreoirí Tógála (SPOT). Tháinig méadú mór ar na comhaltaí le dhá bhliain anuas de réir an mhéadaithe ar dheacrachtaí sa tionscal. Ar an drochuair ní thagann cuid de na gearáin sin chun solais go dtí go mbíonn cuideachta imithe as gnó, agus b'fhéidir faoi leachtú, rudaí atá ag tarlú sa tionscal níos minice faraor. Tá fianaise ann áfach go bhfuil roinnt fostaitheoirí – go minic tar éis comhairle a fháil óna gcomhairleoirí airgeadais - ag éirí as bheith ag trádáil nó fiú as bheith ag cur cuideachtaí faoi leachtú, agus ag dul i mbun gnó díreach ina dhiaidh sin faoi ainm eile. (Tá sin tarlaithe i dtionscail eile freisin).

D'fhonn gearáin oibreoirí tógála a fhíorú go háirithe, ní mór dúinn greim a fháil ar thaifid scéime pinsin maille le taifid ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus b'fhéidir ó na Coimisinéirí Ioncaim sa tslí is go mbeimid in ann líon na seachtainí a raibh an t-oibreoir ag obair le fostaitheoir áirithe a sheiceáil mar is tionscal é ina bhfuil ilroinnt mhúnlaí fostaíochta coitianta. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le Scéim Pinsin na nOibreoirí Tógála, le DSFA agus leis na Coimisinéirí Ioncaim as an gcomhoibriú pras agus éifeachtach sna réimsí seo.

Amach uaidh sin bím ag lorg taifid fostaíochta ó fhostaitheoirí. Ní go fonnmhar a théann daoine i mbun comhoibrithe sa réimse seo. Seans gur cúis leis sin i gcásanna áirithe nach bhfuil na taifid ar fáil ar chor ar bith. I gcásanna eile dealraíonn sé go bhfuil súil ag daoine go n-imeoidh mé má dhéanann siad neamhaird díom.

Ní imeoidh mé. In ionad imeachta tionscnóidh mé ionchúisimh choiriúla i gcoinne daoine a chuireann bac ar imscrúduithe, agus caingean chúirte sa Chúirt Dúiche de réir mar is gá chun éilimh ar fhaisnéis a fhorghníomhú. Tugtar faoi deara go bhfeidhmeofar amhlaidh ní hamháin maidir le fostaitheoirí sna cásanna seo ach maidir le cuntasóirí agus comhairleoirí gairmiúla eile a gcoinníonn taifid.

Tá spriocamanna sainithe sna Rialacháin faoina bhfeidhmítear. Ní mór cloí leo agus ní ghlacfar le "bheith curtha i mo scuaine" mar fhreagra ar iarratas a dhéanfar faoi údaras reachtúil. Sin mar dhéantar má táthar ag iarraidh bheith ionchúisithe.

Uair amháin eile tharla i roinnt cásanna i mbliana nach rabhthas in ann sochair mhortlaíochta a bhí iníoctha faoin SPOT a íoc toisc nach raibh an fostaí a bhí i gceist cláraithe sa scéim nó go raibh sé gann ar ranníocaíochtaí. I gcás go dtarlaíonn sin is é €63,500 an íoschostas don fhostaitheoir. Má bhíonn páistí cleithiúnacha i gceist d'fhéadfadh sé bheith i bhfad níos mó. Ní thuigim cén fáth nach mbreathnaíonn na fostaitheoirí sin níos faide ar aghaidh. Is minic a tharraingíonn siad orthu féin ar deireadh thiar sa chás go nochtar an mhainneachtain costas i bhfad níos mó ná an méid a shíleann siad a spáráil trí chaimiléireacht a dhéanamh ar a bhfostaithe. I roinnt chásanna thriail an fostaitheoir an comhalta a chlárú sa scéim i ndiaidh dháta a bháis! Cé nach bhfuilim ag rá go ndearnadh calaois d'aon turas sna cásanna seo, déarfainn d'fhostaitheoirí go mbeadh siad i bhfad níos fearr as gan a leithéidí de sheifteanna a thriail agus má tá na comhairleoirí dlí ag rá leo go bhfuil an scéim ag dul a íoc sochair báis toisc go nglacann an scéim le ranníocaíochtaí thar ceann na gcomhaltaí sin i ndiaidh a mbás tá dul amú mór orthu. Tugtar faoi deara go bhfuil na ranníocaíochtaí atá dlite i ndáil lena leithéidí de chomhaltaí iníoctha lena n-ionadaithe dlí pearsanta ag am báis agus tá siad dlite cibé ar bith a íocann an scéim sochar mortlaíochta don té atá árachaithe nó nach n-íocann. Ar ndóigh tá an sochar seo an-bheag go deo i gcomparáid le caillteanas fear/bean chothaithe teaghlaigh. I gcás áirithe amháin a raibh go leor cuideachtaí nasctha bainteach leis bhí orm éisteacht ó bhéal a eagrú agus cinneadh fíorais foirmeálta a eisiúint maidir le cén chuideachta a bhí ina fostaitheoir sular eisigh mé cinneadh maidir leis an ngearán féin. Tá an cás seo os comhair na hArd-Chúirte anois.

## *Infheistíocht*

Is í an infheistíocht atá taobh thiar de roinnt cásanna a tháinig isteach le bliain anuas. Arís is mian liom aird na n-iontaobhaithe a tharraingt ar an dualgas atá orthu féachaint chuige go n-infheisteofar acmhainní scéime ar mhodh cuí agus a n-oibleagáidí i leith comhaltaí scéime sa réimse seo a chomhlíonadh dáiríre. Ag an am céanna ní féidir le comhaltaí bheith ag súil leis go mbeidh iontaobhaithe in ann a riachtanais a mheas roimh ré agus tharraing go leor comhaltaí trioblóidí orthu féin toisc gur chlis orthu a róil agus a n-oibleagáidí a thuiscint. Is minic a líomhnaítear ar iontaobhaithe agus ar riarthóirí gur chlis orthu gníomhú de réir teagaisc. Ní bhíonn i gceist uaireanta ach loiceadh teagasc a chur ó dhuine go chéile.

Is minic a theipeann ar iontaobhaithe áirithe rogha cuí maidir le hinfheistíocht a sholáthar nó machnamh ceart a dhéanamh ar cén fheithicil infheistíochta a rachaidh maoin comhalta isteach inti má chliseann air rogha a dhéanamh. Ní bhíonn rogha maidir le stíl bheatha ar fáil go ginearálta agus bhí cás os mo chomhair le gairid inar líomhnaíodh nár thairg na hiontaobhaithe aon rogha maidir le hairgead tirim.

I gcás amháin inar infheistíodh i bpríomhchiste na scéime (sochar sainithe) sochar a aistríodh, rinneadh mé breithiúnas i gcoinne iontaobhaithe agus riarthóirí. Ní raibh aon fhianaise ann go ndearnadh aon mhachnamh maidir le hoiriúnacht na hinfheistíochta. Chuir mé teorainn leis an gcúiteamh áfach de bhrí gurbh é an comhalta féin a shocraigh an t-aistriú gan soiléiriú a lorg maidir leis an mbonn ar a nglacfaí leis. Ar an drochuair is téama an cineál cinneadh infheistíochta seo a fhilleann ar ais orainn ó bhliain go chéile agus fógraím do iontaobhaithe go gcinnfidh mé gur tharla míriarachán in aon chás dá leithéid mura bhfuil sé soiléir ó fhianaise gur d'aon uaim a rinneadh an cinneadh maidir leis an infheistíocht agus nach de bharr leisce nó loicthe machnamh cuí a dhéanamh ar an gcás.

I gcás go mbíonn idirghabhálaithe gafa leis an bpróiseas, a mhéid is atá siad ag gníomhú mar idirghabhálaithe agus nach bhfuil siad sainithe mar riarthóirí de chineál éigin eile de réir na Rialachán atá againn ní féidir liom dul sa tóir orthu agus ní mór dom gearánaí a chur i dtreo an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. I gcásanna áirithe ag brath ar cé atá i gceist tharlódh nach ndéileálfadh ceachtar den dá oifig leis an ngearán.

Tá léiriú i gceann de na cásanna a tugadh i gcrích i mbliana agus a cuireadh tús leis tamall maith ó shin ar an gcruachás ina mbíonn iontaobhaithe in amanna i dtaca le hinfheistíocht. Sa chás áirithe seo bhí an comhalta ag dearbhú go raibh caillteanas ar infheistíocht toisc gur bhain na hiontaobhaithe an mhaoin a bhí infheistithe aige as an infheistíocht ina raibh sí nuair a shroich sé am scoir agus dhearbhaigh sé gur chaill sé airgead dá bharr. A mhalairt a tharla le deireanas i gcásanna eile – fulaingíodh caillteanas de bhrí nár baineadh na maoine (AVCanna den chuid is mó) as an áit a raibh siad infheistithe go tráthúil.

Ar deireadh, maidir le hinfheistíocht bíonn baol na drochchumarsáide ann i gcónaí. Is léir ó na gearáin a thagann chugam nach bhfuil sé follasach do chuimse chomhaltaí scéime cén chaoi a n-infheistítear a gcuid airgid. Bíonn roinnt dá n-infheistíochtaí curtha i roghanna infheistíochta réamhshocraithe nach bhfuil aon tuiscint acu orthu. Bíonn roinnt eile i gcistí infheistíochta ar féidir go raibh tuiscint le baint as a gcuid ainmneacha ag rannóga margaíochta na n-institiúidí infheistíochta tráth ar cumadh iad ach gur beag is fiú iad anois mar léiriú ar cad iad na sócmhainní is bunús don chiste. Tá sé den riachtanas go dtuigfeadh na comhaltaí céard tá ag tarlú lena gcuid mhaoin agus cad iad na cineálacha sócmhainní ina bhfuil siad ag infheistiú. Ba chóir go mbeadh toirmeasc dlí ar leithéidí *ráthaithe, daingnithe*, etc. mar theideal ciste mura bhfuil an ciste ráthaithe nó daingnithe iarbhír nó cibé. Ina theannta sin d'iarr mé ar lucht an tionscail ar ócáidí éagsúla iarracht a dhéanamh lena chinntiú go mbeadh i ráitis sochair, go háirithe iadsan a eisítear ag am scoir nó ag am fágála seirbhíse ach go hidéalach i ngach ráiteas,

foláireamh dóibh siúd a bhfuil a gcuid airgid infheistithe i sócmhainní luaineacha nó ar a laghad go n-aibhseofaí iontu an inmhianaitheacht dul sa tóir ar chomhairle infheistíochta.

## *Dreasacht SSIA*

Luaigh mé an cheist seo anuraidh agus tháinig roinnt chásanna breise chun cinn i 2008. Níl dabht ar bith nach ndearadh an Dreasacht Phinsin SSIA do cháiníocóirí ar an ráta ard agus chaill roinnt daoine airgead toisc nach raibh siad ar an eolas faoi seo. Dá mbeadh amhras ar bith ann gur dhíol faoi dhúmas bréige a tharla i ndáiríre chuirfí an cás faoi bhráid an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais ach níos minice ná a mhalairt níor ghlac siad le comhairle ar chor ar bith sula ndearna siad infheistíocht agus dhealraigh sé go raibh an uile chineál seachráin orthu mar gheall ar cén chaoi a bhí an scéim in ainm a fheidhmiú. Ní raibh sé riamh i gceist gur bhónas breise a bheadh ann dóibh siúd a bhí ina bpinsinéirí cheana.

## *Mídhilsiú*

Cé go bhfuil an mídhilsiú maidir le ranníocaíochtaí fostaithe go mór le sonrú i dtionscal na tógála, dealraíonn sé gur annamh a tharlaíonn mídhílsiú maidir le sochair phinsin i réimse na bpinsean. Ó bunaíodh an oifig ní raibh ach an t-aon chás amháin ina mídhílsigh fostaí sochair chomhalta scéime, AVCanna sa chás áirithe seo, agus bhíomar ag gabháil dó sin i 2008. Fostaí a raibh ualach oibre róthrom air a bhí i gceist sa chás seo agus bhain sé úsáid as sochair ar chóir go riarfaí ag am scoir iad ach nár riaradh, chun sochair a d'eascair as éileamh eile, nach raibh aon chlúdach ann lena aghaidh de bharr earráide an riarthóra féin, a íoc Níor thairbhigh an fostaí go pearsanta as an idirbheart. D'ordaigh mé don riarthóir i gceist aisíocaíocht chuí a dhéanamh agus an córas rialaithe a athbhreithniú le nach dtarlódh a leithéid in athuair.

## *Comhoibriú*

Bhí gearán eile a ndearnadh an gearánaí léirmhíniú earráideach ar rialacha scéime; dhealraigh sí go ndearna duine a bhí ag feidhmiú mar bhróicéir gach iarracht chun an t-eolas a theastaigh uaidh a chur ar fáil don ghearánaí ach d'ainneoin sin ní raibh an fostaitheoir ina cháilíocht mar iontaobhaí chomh gníomhach maidir le hiarratais a rinneadh faoi théarmaí na Rialachán um Fhoilsiú Faisnéise faoi Acht na bPinsean a chomhlíonadh agus ba chóir dó a bheith.

Sa chás áirithe níor scoir an comhalta scéime dá léirmhíniú féin ar an riail scéime a bhí go hiomlán mícheart agus rinne sé núis dó féin i bhfianaise chách ar deireadh. Thuigfeá nach mbeadh aon fonn comhoibrithe faoi leith ar fhostaitheoir dá n-éireodh idir é agus

fostaí ach ina ainneoin sin bhí dualgas soiléir agus sonrach ar an bhfostaitheoir ina cháil mar Iontaobhaí faoi dhlí iontaobhais agus faoi Acht na bPinsean agus bhí cearta soiléire agus sonracha ag comhalta na scéime faoin Acht sin. Is cuma cén "luacháil núise" a bheadh i gceist ní húdar maith aighnis idir fostaitheoir agus fostaí le loiceadh forálacha an Achta a chomhlíonadh ina n-iomláine agus le bheith i mbaol an ionchúisimh choiriúil a thiocfadh ina dhiaidh.

# ROINN 5 – CONCLÚIDÍ

Uair amháin eile, mar a tharla i ngach bliain go n-uige seo, tháinig méadú mór ar na gearáin a tháinig chuig an Oifig. Is cúis áthais dom a rá áfach gur tháinig feabhas ar ráta dúnta na gcomhad i 2008, de bharr seasmhacht foirne agus an Chórais Riaracháin Cásanna. In ainneoin sin, is eol dom freisin gur tháinig méadú an-mhór ar líon na ngearán sa chéad trian de 2009 agus go bhfuil líon na ngearán atá ag teacht anois 40% níos airde ná mar bhí i 2008. I 2008 chuireamar Córas Riaracháin na gCásanna i bhfeidhm go críochnúil agus chreid mé ag an am gur mhór an tairbhe a bhainfí as nuair a bheadh sé ag feidhmiú cé nárbh fhéidir nach mbeadh modhnuithe éigin de dhíth sula mbeadh sé oibríochtúil go hiomlán. Ina theannta sin rinneamar modhnú ar roinnt de na socruithe oibríochtúla. Tá sé d'éifeacht air sin go raibh méadú thar chuimse ar ráta dúnta na gcás sa chéad trian de 2009 agus go bhfuil sé anois níos mó ná 80% airde mó ná mar bhí sé i 2008.

Den mhórchuid mhór is iad dúthracht na foirne, a sholúbtha is a bhíonn siad, a ndeá-thoil i mbun oibre agus an cumas a bhíonn acu bheith gealgháireach fiú amháin nuair a bhíonn brú trom ar an gcóras a chuir faoi deara go rabhamar in ann an oiread sin gearán a phróiseáil le hacmhainní teoranta. Is pribhléid dom bheith ag obair leo.

Ar an taobh eile faraor, tá sé ag éirí níos soiléire le himeacht na mblianta go mbuailtear arís is arís leis na tuathail chéanna ar bhuaileamar leo go minic cheana agus gurb iad na daoine céanna uaireanta ar theip orthu lón teagaisc a bhaint as ar tharla roimhe a bhíonn á ndéanamh. Foilsítear Achoimre na gCásanna gach bliain in éindí leis an Tuarascáil Bhliantúil le súil is go bhfaighidh iadsan a léifidh é lón teagaisc sna botúin a rinne daoine eile.

Mar a dúirt mé riamh cheana d'fhéadfaí an t-uafás gearán a sheachaint dá ndéanfaí iarracht bhreise cumarsáid níos fearr a chothú agus dá gcaithfí beagán níos mó ama uirthi. Is ábhar casta ábhar na bpinsean, ach níl aon ghá go ndéanfadh foclaíocht na cumarsáide níos deacra fós é. Tá torthaí na droch-chumarsáide nó lena rá go borb, an chumarsáid loicthe soiléir dúinn i ngach a dtagann isteach sa mhála poist chugainn gach lá.

## ROINN 6 - AIRGEADAS

Is é an Státchiste ag feidhmiú tríd an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a mhaoiníonn Oifig Fhear an Phobail um Pinsin. Admhaíonn an Oifig tacaíocht leanúnach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i dtaca lena hoibleagáidí i leith Párolla agus Cuntais.


### *Cuntais Bhliantúla do 2008*

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain 2008 atá leagtha amach in Aguisín 9 agus tíolacadh iad don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh lena gcur faoi bhráid an Oireachtais.

Tá na costais a ghabhann leis an Oifig a choinneáil ag imeacht i 2008 leagtha amach i dTábla 6.1.


**Tábla 6.1 - Costais a Ghabhann leis an Oifig a Choinneáil ag Imeacht i 2008**

| | **2008** |
|---|---|
| | **€** |
| Costais Foirne | *769,171* |
| Caiteachas Riaracháin | *170,935* |
| Obair chothabhála agus athnuachana foirgnimh | *112,472* |
| **Costais Reatha Iomlána** | *1,052,578* |



# AGUISÍN 1

## Cén Chaoi a bPróiseáiltear Gearán




*Ní tharlaíonn ach i gcásanna a measann Fhear an Phobail um Pinsin go bhfuil sé inmhianaithe

## AGUISÍN 2

# ACHOIMRE AR SHREABHADH AIRGID AGUS ANAILÍS AR DHÚNADH COMHAD i 2008

| Achoimre ar Shreabhadh Airgid | 2008 |
|---|---|
| Idir lámha ag tús na bliana | 354 |
| Faighte i rith na bliana | 727 |
| Athoscailte i rith na bliana | 31 |
| **Iomlán don bhlian** | **1,112** |
| Dúnta i rith na bliana | 639 |
| **Idir lámha ag deireadh na bliana** | **473** |

**Achoimre ar Dhúnadh Comhad**

| | |
|---|---|
| Líon na gComhad a dúnadh | 639 |
| Seachtainí go dtí an dúnadh ar an mean | 34 |
| Seachtainí is faide go dtí an dúnadh | 237 |
| An t-am is gaire go dtí an dúnadh | Lá amháin |

| Dúnadh de réir Cinnidh Fáth Líon | Uimhir | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Comhairle Ghinearálta a Tugadh | 146 | 23% |
| Eadrán Rathúil | 128 | 20% |
| TTS * | 116 | 18% |
| Gearán nach ndeachthas ar aghaidh leis | 102 | 16% |
| Eadrán Neamhrathúil | 43 | 7% |
| Cinneadh Críochnaitheach - Seastar le Gearán | 37 | 6% |
| TTS - Téigh i Muinín Ombudsman/Rialtóir Eile | 29 | 5% |
| Comhairle faighte go raibh RAI de dhíth ** | 22 | 3% |
| Cinneadh Críochnaitheach – Níor Seasadh le Gearán | 15 | 2% |
| Forfheidhmiú curtha i gCrích | 1 | 0% |
| **IOMLÁN** | **639** | **100%** |

### Líon Seachtainí go Dúnadh

| | | |
|---|---|---|
| Níos mó ná 5 seachtaine | 256 | 41% |
| 5 - 10 seachtaine | 65 | 10% |
| 10 – 15 seachtaine | 40 | 6% |
| 15 - 20 seachtaine | 31 | 5% |
| 20 - 25 seachtaine | 28 | 4% |
| 25 - 30 seachtaine | 21 | 3% |
| 30 - 35 seachtaine | 13 | 2% |
| 35 - 40 seachtaine | 19 | 3% |
| 40 - 45 seachtaine | 9 | 1% |
| 45 - 50 seachtaine | 10 | 2% |
| Níos mó ná 50 seachtaine | 147 | 23% |
| **IOMLÁN** | **639** | **100%** |

* TTS – Téarmaí Tagartha Seachtracha Fhear an Phobail um Pinsin

** RAI – Nós imeachta um Réiteach Aighnis Inmheánach

# AGUISÍN 3 - CINEÁL NA nGEARÁN 2007 AGUS 2008

| Cineál na nGearán 2007 | Iomlán | |
|---|---|---|
| Ríomh sochar | 174 | 34% |
| TTS | 56 | 11% |
| Coinníollacha ballraíochta/iontrála | 39 | 8% |
| Fiosrúchán ginearálta | 32 | 6% |
| Aistriú | 26 | 5% |
| Íocaíocht mhícheart/dhéanach/neamhíoc | 25 | 5% |
| Ríomh blianta seirbhíse | 17 | 3% |
| Ranníocaíochtaí a chur ar aghaidh | 16 | 3% |
| Foilsiú faisnéise | 14 | 3% |
| Loiceadh scéime freagairt a thabhairt | 13 | 3% |
| Íocaíocht ranníocaíochtaí fostaitheora | 12 | 2% |
| Luathscor | 11 | 2% |
| Caomhnú sochar | 11 | 2% |
| Ranníocaíochtaí deonacha breise | 9 | 2% |
| Sochair chéile agus chleithiúnaithe | 9 | 2% |
| Méaduithe iarscoir | 8 | 2% |
| Méadú/feabhsú sochar | 7 | 1% |
| Díol faoi dhúmas bréige | 7 | 1% |
| Cur ar aghaidh ranníocaíochtaí fostaithe | 7 | 1% |
| Drochshláinte | 5 | 1% |
| Gearán ilghnéithe | 5 | 1% |
| Aisíoc ranníocaíochta | 2 | 0.4% |
| An Cheist um Chomhionannas Córa | 2 | 0.4% |
| Faisnéis mhícheart agus caillteanas airgeadais dá bharr | 2 | 0.4% |
| Foirceannadh | 2 | 0.4% |
| Sochar Sainithe V Ranníocaíocht Shainithe | 1 | 0.2% |
| Neamh-chomhlíonadh Cinnidh Chríochnaithigh | 1 | 0.2% |
| Cinneadh fós gan bheith déanta | 1 | 0.2% |
| Úsáid farasbairr | 1 | 0.2% |
| **Iomlán** | **515** | **100%** |


| Cineál na nGearán 2008 | Iomlán | |
|---|---|---|
| Ríomh sochar | 123 | 17% |
| Fiosrúchán ginearálta | 109 | 15% |
| Ranníocaíochtaí a chur ar aghaidh | 99 | 14% |
| Foilsiú faisnéise | 62 | 9% |
| Coinníollacha ballraíochta/iontrála | 46 | 6% |
| Blianta seirbhíse – costas le haghaidh/creidmheas in aghaidh | 41 | 6% |
| Foirceannadh | 36 | 5% |
| Íocaíocht mhícheart/dhéanach/neamhíoc | 35 | 5% |
| Luach Ciste | 34 | 5% |
| Aistriú | 23 | 3% |
| Sochair chéile agus chleithiúnaithe | 16 | 2% |
| Aisíoc ranníocaíochtaí | 14 | 2% |
| Díol faoi dhúmas bréige | 13 | 2% |
| Caomhnú sochar | 11 | 2% |
| Méaduithe iarscoir | 9 | 1% |
| Drochshláinte | 9 | 1% |
| Luathscor | 8 | 1% |
| Ranníocaíochtaí deonacha breise | 8 | 1% |
| Orduithe um Choigeartú Pinsin | 7 | 1% |
| Faisnéis mhícheart as a n-eascraíonn dréim fhabhtach | 7 | 1% |
| Laghdú /Pinsean Forlíontach | 5 | 1% |
| Méadú/feabhsú sochar | 4 | 0.6% |
| Ceisteanna ARF/AMRF | 3 | 0.4% |
| Úsáid farasbairr | 2 | 0.3% |
| Loiceadh scéime freagairt a thabhairt | 1 | 0.1% |
| Sochar Sainithe V Ranníocaíocht Shainithe | 1 | 0.1% |
| An Cheist um Chomhionannas Córa | 1 | 0.1% |
| **Iomlán** | **727** | **100%** |

## AGUISÍN 4 - BRISEADH SÍOS AR GHEARÁIN 2007 AGUS 2008 DE RÉIR LÁITHREACH

| Láthair | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| Ceatharlach | 9 | 4 |
| An Cabhán | 5 | 8 |
| An Clár | 9 | 13 |
| Corcaigh | 78 | 90 |
| Dún na nGall | 12 | 8 |
| Baile Átha Cliath | 172 | 193 |
| Gaillimh | 23 | 23 |
| Ciarraí | 10 | 18 |
| Cill Dara | 22 | 32 |
| Cill Chainnigh | 9 | 23 |
| Laois | 10 | 7 |
| Liatroim | 1 | 3 |
| Luimneach | 21 | 25 |
| An Longfort | 2 | 2 |
| Lú | 5 | 18 |
| Maigh Eo | 10 | 10 |
| An Mhí | 12 | 25 |
| Muineachán | 2 | 4 |
| Uíbh Fhailí | 3 | 7 |
| Ros Comáin | 4 | 6 |
| Sligeach | 5 | 10 |
| Tiobraid Árann | 6 | 20 |
| Port Láirge | 11 | 15 |
| An Iarmhí | 4 | 8 |
| Loch Garman | 11 | 19 |
| Cill Mhantáin | 10 | 21 |
| An Astráil | 1 | 1 |
| An Bheilg | 2 | 2 |
| An Fhrainc | 0 | 1 |
| An Ghearmáin | 1 | 0 |
| An Phortaingéil | 1 | 0 |
| an Spáin | 1 | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 9 | 15 |
| Clárúchán Anaithnid | 34 | 95 |
| **Foriomlán** | **515** | **727** |

## AGUISÍN 5
## LÍON NA nGEARÁN A FUARTHAS DE RÉIR MÍOSA 2007 & 2008

| Mí | 2007 | % den Iomlán | 2008 | % den Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Eanáir | 42 | 8% | 86 | 12% |
| Feabhra | 44 | 9% | 58 | 8% |
| Márta | 39 | 8% | 50 | 7% |
| Aibreán | 42 | 8% | 61 | 8% |
| Bealtaine | 50 | 10% | 54 | 7% |
| Meitheamh | 31 | 6% | 50 | 7% |
| Iúl | 38 | 7% | 71 | 10% |
| Lúnasa | 33 | 6% | 57 | 8% |
| Meán Fómhair | 51 | 10% | 76 | 11% |
| Deireadh Fómhair | 53 | 10% | 58 | 8% |
| Samhain | 54 | 11% | 60 | 8% |
| Nollaig | 38 | 7% | 46 | 6% |
| **IOMLÁN** | **515** | **100%** | **727** | **100%** |



## AGUISÍN 6 – REACHTAÍOCHT RIALAITHE

Acht na bPinsean 1990

Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Acht Leasa Shoisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 119 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 397 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 398 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 399 ó 2003

Acht um Aoisliuntas na Seirbhise Poibli (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004

Acht Leasa Shoisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004

Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006

Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007

Ionstraim Reachtúil Uimh. 181 ó 2007

Ionstraim Reachtúil Uimh. 182 ó 2007

Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008

Féadfar teacht ar Riail Chúirt Achomhairc ó Chinneadh Fhear an Phobail um Phinsin in Ionstraim Reachtúil Uimh. 14 ó 2007.

## AGUISÍN 7 – FOILSEACHÁIN NA hOIFIGE

- Is céard is féidir le Fear an Phobail a dhéanamh duit? (rinneadh athbhreithniú i 2009)
- Nósanna Imeachta um Réiteach Aighnis –
  Nótaí Treoracha d'Iontaobhaithe agus do Riarthóirí
- Teagasc agus Treoir do Fhreagróirí
- Ráiteas Straitéise 2007 – 2009
- Tuiscint a fháil ar Phinsin –
  Caomhthreoir do Phinsin (rinneadh athbhreithniú i 2009)
- Tuarascálacha Bliantúla agus Achoimre Chásanna 2003/4 – 2008

## AGUISÍN 8 - OIFIG FHEAR AN PHOBAIL UM PINSIN - SOLÁTHAR FOIRNE 2008

**Paul Kenny**
Fear an Phobail um Pinsin

**Joe Timbs**
Stiúrthóir

**Joan Bray**
Imscrúdaitheoir

**Catriona Collins**
Imscrúdaitheoir

**Ciaran Creagh**
Imscrúdaitheoir

**John Sheehan**
Imscrúdaitheoir

**Joe Dempsey**
Bainisteoir Oifige

**Michelle O'Keeffe**
Tacaíocht Imscrúdaithe

**Darina Breen**
Oifigeach Cléireach

**Colette Coghlan**
Oifigeach Cléireach

# AGUISÍN 9 - RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

## Oifig Fhear an Phobail Um Pinsin,

**Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**le cur i láthair Thithe an Oireachtais**

Tá ráitis airgeadais Oifig Fhear an Phobail Um Pinsin, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoi Alt 143(2) d'Acht na bPinsean, 1990 (faoi mar a leasú é).
Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

**Freagrachtaí Fear an Phobail Um Pinsin agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach**

Tá Fhear an Phobail Um Pinsin freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Alt 143 d'Acht na bPinsean, 1990 (faoi mar a leasú é) agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn Fhear an Phobail Um Pinsin na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.
Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).
Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.
Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.
Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh

measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí Oifig Fhear an Phobail Um Pinsin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

***Tuairim***

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Oifig Fhear an Phobail Um Pinsin ag 31 Nollaig 2008 agus ar a hioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Bord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



***Seamus McCarthy***

***Le haghaidh agus thar cheann an***

***Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

**Meitheamh 2009**

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Is Oifig bheag in aon aonad amháin Oifig Fhear an Phobail um Pinsin. Tá foireann deichniúr ann, lena n-áirítear Fear an Phobail, Stiúrthóir, ceithre imscrúdaitheoir, bainisteoir oifige agus trí oifigeach breise. Is ormsa mar Fhear an Phobail atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh coinnithe ar siúl agus ag feidhmiú.

Is féidir leis an gcóras cinnteacht réasúnta a sholáthar ach ní féidir leis cinnteacht absalóideach a sholáthar go mbeidh sócmhainní faoi choimirce, go mbeidh idirbhearta údaraithe agus cláraithe mar is cuí agus go gcuirfear cosc ar earráidí ábharacha nó go mbraithfear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá bearta glactha agam agus ag foireann na hOifige lena chinntiú go mbeidh córas éifeachtúil rialaithe airgeadais ann, trí chóras rialúcháin inmheánaigh a chur i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar fhaisnéis faoi chaiteachas a sholáthar don bhainistíocht go tráthrialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear saindeighilt dualgais, agus ar chóras tarmligean freagrachta. Cuimsíonn sin na nósanna imeachta a leanas:

- Cuirfear meastachán bliantúil faoi riachtanais airgeadais ar fáil dár Roinn tuismitheora .i. an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
- Cuirfear tuarascáil ar fáil don Roinn dhá uair in aghaidh na bliana ina ndéanfar comparáid idir caiteachas iarbhír agus caiteachas measta.
- Clárófar caiteachas uile na hOifige seo i gcóras cuntasaíochta mhórleabhar ginearálta na Roinne. Ullmhóidh brainse Cuntasaíochta na Roinne tuarascáil chaiteachais mhíosúil. Ansin cuirfidh bainisteoir na hoifige i gcomparáid í leis na taifid atá coinnithe san Oifig.
- Ullmhóidh bainisteoir na hoifige ráiteas míosúil caiteachais ina ndéanfar comparáid idir an caiteachas iarbhír agus an caiteachas measta. Scaipfear sin ar na baill foirne uile agus déanfaidh mé féin athbhreithniú uirthi.
- Tá na dualgais a bhaineann le hullmhúchán, údarú, agus íocaíochtaí a dhéanamh deighilte óna chéile.
- Is í an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chuirfidh ar fáil feidhm iniúchta inmheánaigh.

Deimhním go ndearna mé athbhreithniú ar chóras inmheánach airgeadais na hOifige i gcaitheamh na bliana 2008.

**Paul Kenny**
**Fear an Phobail um Pinsin.**
29 Aibreán, 2009.

## Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta

**1.Bunús Ullmhúcháin**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, cé is moite den chás atá léirithe thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, agus comhlíonann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais infheidhme agus ceanglais Alt 143 d'Acht na bPinsean 1990, (arna chur isteach ag Alt 5 d'Acht na bPinsean (Leasú) 2002).

**2. Deontas Oireachtais**

Is éard atá sa Deontas Oireachtais na híocaíochtaí iomlána a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh thar cheann na hOifige i mbliain an chuntais.

**3. Pinsin**

Is Státseirbhísigh na fostaithe in Oifig Fhear an Phobail um Pinsin agus mar sin tá siad clúdaithe le socruithe pinsin na Státseirbhíse. Tugadh isteach scéim aoisliúntais sochair shainithe d'Fhear an Phobail um Pinsin i 2007 le héifeacht ó 2006. Tá breis eolais ar fáil i Nóta 6.

**4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe mar chostas nó luacháil lúide luachlaghdú carntha. Is ar bhonn líne díreach a dhéanfar luachlaghdú ag rátaí a measfar go laghdóidh siad na sócmhainní go luachanna inréadaithe faoi dheireadh an tsaoil úsáidigh a measfar a bheith i ndán dóibh mar a leanas:

| | |
|---|---|
| TE agus Trealamh Oifige | 20% Líne Díreach |
| Troscán agus Feistis | 10% Líne Díreach |

**5. Cuntas Caipitil**

Is ionann an Cuntas Caipitil agus luach neamh-amúchta an ioncaim arna fheidhmiú le haghaidh caiteachas caipitil.

**6. Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim**

Ní chuirtear aon Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim i láthair a thagann leis na heisceachtaí atá deonaithe i FRS 1.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008**

| | Nótaí | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | € | € |
| Deontas | | | |
| Oireachtais | 1 | 961,479 | 1,058,003 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 6b | 29,057 | 10,500 |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | 5 | (34,796) | 25,179 |
| **Ioncam Iomlán** | | 955,740 | 1,093,682 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 2 | 769,171 | 649,249 |
| Riarachán | 3 | 249,204 | 232,518 |
| Luachlaghdú | 4 | 29,703 | 26,056 |
| Táille | | | |
| Iniúchta | | 4,500 | 4,250 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne Seasta | | - | 552 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 1,052,578 | 912,625 |
| **(Easnamh)/Farasbarr don bhliain** | | **(96,838)** | **181,057** |
| **Farasbarr ar 1 Eanáir** | | **125,204** | **(55,853)** |
| **Farasbarr ar 31 Nollaig** | | **28,366** | **125,204** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

**Paul Kenny**
**Fear an Phobail um Pinsin**

**Dáta** 26 Mí an Mheithimh 2009

## RÁITEAS FAOI GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008**

| | Nótaí | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **(Easnamh)/Farasbarr don bhliain** | | (96,838) | 181,057 |
| Caillteanas taithí ar dhliteanais scéim phinsin | 6f | - | 16,000 |
| Athruithe sna toimhdí is bun le luach dliteanais scéim pinsin faoi láthair | | - | - |
| **Caillteanais achtúireacha ar dhliteanais phinsin** | 6e | - | 16,000 |
| **Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha** | 6d | - | (16,000) |
| **Caillteanas aitheanta iomlán don bhliain** | | (96,838) | 181,057 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

**Paul Kenny**
**Fear an Phobail um Pinsin**

**Dáta** 26 Mí an Mheithimh 2009

## Clár Comhardaithe ar 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008 | | 2007 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | 4 | | 130,079 | | 95,283 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí | | 48,094 | | 170,504 | |
| Airgead ar Láimh | | 224 | | 250 | |
| | | 48,318 | | 170,754 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe | | | | 26,970 | |
| Fabhruithe | | 19,952 | | 18,580 | |
| | | 19,952 | | 45,550 | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 28,366 | | 125,204 |
| **Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha** | | | 158,445 | | 220,487 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 6d | 174,000 | | 137,000 | |
| Dliteanas Pinsin | 6e | (174,000) | - | (137,000) | - |
| **Glansócmhainní** | | | 158,445 | | 220,487 |
| **Arna Airgeadú ag** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 5 | | 130,079 | | 95,283 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 28,366 | | 125,204 |
| | | | 158,445 | | 220,487 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.



**Paul Kenny**
**Fear an Phobail um Pinsin**

**Dáta** 26 Mí an Mheithimh 2009

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1 Deontas Oireachtais

Is é an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a mhaoiníonn Oifig Fhear an Phobail um Pinsin agus is í a dhéanann gach íocaíocht thar ceann na hOifige. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a mhuirearaítear ar Chuntas Leithghabhála na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

### 2 Costais Foirne

Is iadsan:

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Luach Saothair agus Tuarastal | | 728,598 | 631,530 |
| Taisteal | | 11,516 | 7,219 |
| Costais Phinsin | 6c | 29,057 | 10,500 |
| **iomlán** | | **769,171** | **649,249** |

Bhí foireann deichniúir fostaithe ag an Oifig i 2008 lena n-áirítear Fear an Phobail (9 i 2007).

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| **3 Costais Riaracháin** | € | € |
| Caiteachas Ginearálta | 54,992 | 59,987 |
| Post agus Teileachumarsáide | 22,698 | 13,198 |
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 21,737 | 38,322 |
| TE/Sáslach Oifige (Ní Sócmhainn) | 1,882 | 28,677 |
| Obair Chothabhála | 112,472 | 53,387 |
| Fógraíocht/Seimineáir | 35,423 | 38,947 |
| | 249,204 | 232,518 |

## 4 Sócmhainní Seasta

| | Crua-earra agus Bogearra TE agus Trealamh Oifige € | Troscán agus Feistis € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní ar a gCostas** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2008 | 53,856 | 152,844 | 206,700 |
| Breiseanna | 64,499 | - | 64,499 |
| Diúscairtí | (10,160) | - | (10,160) |
| **Ar 31 Nollaig 2008** | **108,195** | **152,844** | **261,039** |
| **Luachlaghdú** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2008 | (52,339) | (59,078) | (111,417) |
| Luachlaghdú ar Diúscairt | 10,160 | - | 10,160 |
| Muirear don bhliain | (14,419) | (15,284) | (29,703) |
| **Ar 31 Nollaig 2008** | (56,598) | (74,362) | (130,960) |
| **Luach Leabhair Glan** | | | |
| Ar 01 Eanáir 2008 | **1,517** | **93,766** | **95,283** |
| **Ar 31 Nollaig 2008** | **51,597** | **78,482** | **130,079** |

## 5 Cuntas Caipitil

| | € | € |
|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir 2008 | | 95,283 |
| Ceannach Sócmhainní Seasta | 64,499 | |
| Amúchadh faoi réir ag luachlaghdú | (29,703) | |
| Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 34,796 |
| **Ar 31 Nollaig 2008** | | 130,079 |

## 6 Pinsin

Feidhmíonn an Oifig Fhear an Phobail um Pinsin scéim sochair shainithe ranníocach don Ombudsman. Ní choinnítear aon chiste leithleach. Tá na torthaí atá leagtha amach anseo thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndliteanas pinsin a rinneadh i 2008.

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo chun críche an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 - Sochair Scoir (FRS17).

**a)** Is iad seo na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | an 31/12/08 |
|---|---|
| Ráta lascaine | 5.5% |
| Ráta ardaithe tuarastal | 4.0% |
| Ráta méadaithe pinsean | 4.0% |
| Boilsciú | 2.0% |

**b)** Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsin in aghaidh na bliana

| | **2008 €** | **2007 €** |
|---|---|---|
| Costas láithreach seirbhíse | 29,000 | 25,000 |
| Ús ar dhliteanais scéim pinsin | 8,000 | 5,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (7,943) | (19,500) |
| Maoiniú inghnóthaithe i ndáil le costais phinsin na bliana reatha. | 29,057 | 10,500 |

**c)** Anailís ar chostais iomlána pinsin muirearaithe ar chaiteachas

| | **2008 €** | **2007 €** |
|---|---|---|
| Costais reatha seirbhíse | 29,000 | 25,000 |
| Ús ar dhliteanais scéim pinsin | 8,000 | 5,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (7,943) | (19,500) |
| | **29,057** | **10,500** |

**d)** Sócmhainní iarchurtha le haghaidh pinsean

Ba é €174,000, (2007 - €137,000) méid na sócmhainne maoinithe iarchurtha le haghaidh pinsin an 31 Nollaig 2008

**e)** Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin i rith na bliana airgeadais:

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsin an 1 Eanáir | 137,000 | 91,000 |
| Costas láithreach seirbhíse | 29,000 | 25,000 |
| Costas úis | 8,000 | 5,000 |
| Caillteanas achtúireach | 0 | 16,000 |
| Pinsin íoctha sa bhliain | 0 | 0 |
| Glandliteanas pinsin an 31 Nollaig | **174,000** | **137,000** |

**f)** Stair Chaillteanas Taithí

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| Caillteanas taithí ar dhliteanais scéime | €0 | €16,000 |
| Céatadán luach reatha dliteanas scéime | 0% | 12% |

**7 Áitreabh**

Tá an chóiríocht atá á áitiú ag Oifig Fhear an Phobail ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 léasaithe agus íoctha ag Oifig na nOibreacha Poiblí (2008 - €200,000). Ní íocann Oifig Fhear an Phobail um Pinsin aon mhuirear maidir leis an gcóiríocht seo.